



An Bhruiséil, 25 Márta 2019
(OR. en)

5951/19

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0207(COD)**

**CODEC 264
JAI 87
INF 13
CADREFIN 57
FREMP 13
PE 20**

NÓTA FAISNÉISE

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Clár um Chearta agus Luachanna - Toradh imeachtaí Pharlaimint na hEorpa (Strasbourg, 14 go 17 Eanáir 2019)

I. RÉAMHRÁ

Chuir an rapóirtéir, Bodil VALERO (na Glasaigh/SCE, SE), tuarascáil ina bhfuil 112 leasú (leasuithe 1 -112) ar an togra le haghaidh Rialacháin i láthair thar ceann an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile.

Ina theannta sin, chuir an grúpa polaitiúil EFDD leasú amháin síos (leasú uimhir 113) agus chuir an grúpa polaitiúil ENF leasú amháin síos freisin (leasú uimhir 114).

II. VÓTÁIL

Tráth ar caitheadh vóta ag an seisiún iomlánach ar an 17 Eanáir 2019, glacadh leasuithe 1-72, 73 (an chéad chuid) agus leasú 74-112 ar an togra le haghaidh Rialacháin. Níor glacadh aon leasú eile. Leagtar amach san Iarscríbhinn na leasuithe a glacadh.

Ag deireadh na vótála, cuireadh an togra ar ais chuig an gCoiste, de bhun Riail 59(4)(4) de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa, rud a d'fhág nár cuireadh clabhsúr ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa agus nár cuireadh tús leis an gcaibidlíocht leis an gComhairle.

An Clár um Chearta agus Luachanna 2021-2027*I**

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 17 Eanáir 2019 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an Clár um Chearta agus Luachanna a bhunú (COM(2018)0383 – C8-0234/2018 – 2018/0207(COD))¹

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin Teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Togra le haghaidh
RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA
hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an Clár um Chearta agus Luachanna a
bhunú

Leasú

Togra le haghaidh
RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA
hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
lena mbunaítear an Clár um ***Shaoránaigh,***
Comhionannas, Cearta agus Luachanna

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(1) I gcomhréir le hAirteagal 2 den
Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), ‘tá
an tAontas fothaithe ar luachanna an
mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar

Leasú

(1) I gcomhréir le hAirteagal 2 den
Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), ‘tá
an tAontas fothaithe ar luachanna an
mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar

¹ Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstiúideach de bhun Rialail 59(4), an ceathrú fómhír (A8-0468/2018).

an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar an meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Is comhluachanna ag Ballstáit na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir'. Sonraítear in Airteagal 3 ina theannta sin gurb é 'is aidhm don Aontas an tsíocháin, a luachanna agus dea-bhail a phobal a chur chun cinn' agus, i measc nithe eile, 'go n-urramóidh an tAontas an saibhreas atá san éagsúlacht chultúrtha agus teanga, agus áirítheoidh sé go ndéanfar oidhreacht chultúrtha na hEorpa a chaomhnú agus a fheabhsú'. Athdhearbhaítear na luachanna sin agus cuirtear in iúl iad sna cearta, sna saoirsí agus sna prionsabail atá cumhdaithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar an meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. ***De na cearta agus luachanna sin, is í dínit an duine, mar a aithnítear í i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, príomhbhunús chearta bunúsacha uile an duine.*** Is comhluachanna ag Ballstáit na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir'. Sonraítear in Airteagal 3 ina theannta sin gurb é 'is aidhm don Aontas an tsíocháin, a luachanna agus dea-bhail a phobal a chur chun cinn' agus, i measc nithe eile, 'go n-urramóidh an tAontas an saibhreas atá san éagsúlacht chultúrtha agus teanga, agus áirítheoidh sé go ndéanfar oidhreacht chultúrtha na hEorpa a chaomhnú agus a fheabhsú'. Athdhearbhaítear na luachanna sin agus cuirtear in iúl iad sna cearta, sna saoirsí agus sna prionsabail atá cumhdaithe sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(1a) Ina rún an 30 Bealtaine 2018 maidir le creat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 agus acmhainní dílse, leag Parlaimint na hEorpa béim ar a thábhachtaí atá na prionsabail chothrománacha ar cheart iad a bheith mar bhonn ag an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) agus ag beartais ghaolmhara uile an Aontais, lena n-

*airítear Spriocanna Forbartha
Inbhuanaithe na Náisiúin Aontaithe
(SFIanna) a phríomhshruthú i mbeartais
uile an Aontais agus i dtionscnaimh uile
an chéad CAI eile, chuir sí in iúl go
bhfuil díothú an idirdhealaithe
ríthábhachtach chun gealltanais an
Aontais maidir le hEoraip chuimsitheach
a chomhlíonadh agus cáineann sí easpa
na ngealltanais maidir le príomhshruthú
inscne agus comhionannas inscne i
mbeartais an Aontais, mar a léirítear sna
tograí CAI.*

Leasú 4

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

*(1b) Ina rún ón 14 Márta 2018 maidir
leis an gcéad CAI eile: Agus seasamh na
Parlaiminte maidir le CAI i ndiaidh 2021
á ullmhú aici, chuir Parlaimint na
hEorpa in iúl go dtacaíonn sí le cláir i
réimsí an chultúir, an oideachais, na
meán, na hóige, an spóirt, an daonlathais,
na saoránachta agus na sochaí sibhialta,
ar réimsí iad a bhfuil a mbreisluach
Eorpach léirithe go soiléir acu agus a
bhfuil tóir bhuanseasmhach i measc
tairbhithe orthu agus chuir sí i dtreis
nach féidir Aontas níos láidre agus níos
uaillmhéine a bhaint amach mura dtugtar
acmhainní airgeadais dó, agus mhol sí
Ciste um Dhaonlathas Eorpach a chur ar
bun ar mhaithe leis an tacaíocht
neartaithe don tsochaí shibhialta agus
ENRanna atá i mbun oibre i réimsí an
daonlathais agus chearta an duine, atá le
bainistiú ag an gCoimisiún. Ba cheart go*

ndéanfaí tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do bheartais atá ann cheana, acmhainní do chlár shuaitheanta an Aontais a mhéadú, agus freagrachtaí breise a mheaitseáil le hacmhainní airgeadais breise.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(2) Ní mór leanúint de na cearta agus na luachanna sin a chur chun cinn **agus** a neartú agus a chomhroinnt i measc na saoránach agus ní mór go mbeadh na pobail laistigh de thionscadal AE. Dá bhrí sin, cruthófar Ciste nua um Cheartas, Chearta agus Luachanna a chuimseoidh na clár um Chearta agus Luachanna agus um Cheartas i mbuiséad an Aontais Eorpaigh. Tráth a chaithfidh sochaithe Eorpacha aghaidh a thabhairt ar antoisceachas, radacachas agus easaontais, is tábhachtaí murab ionann agus riamh ceartas, cearta agus luachanna an Aontais a chur chun cinn, a neartú, agus a chosaint, mar atá: cearta an duine, meas ar dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta. Beidh impleachtaí móra díreacha aige sin ar an saol polaitiúil, sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch san Aontas. Mar chuid den Chiste nua, leanfaidh an Clár um Cheartas de bheith ag tacú le forbairt bhreise limistéar Aontais de cheartas agus de chomhar trasteorann. Tógfaidh an Clár um Chearta agus Luachanna le chéile Clár 2014-2020 Cearta, Comhionannas agus Saoránacht arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸ agus an clár Eoraip ar son na Saoránach arna bhunú ag Rialachán

Leasú

(2) Ba cheart **don Aontas agus do gach Ballstát** leanúint de na cearta agus na luachanna sin **a chothú, a chosaint agus** a chur chun cinn **go gníomhachina mbeartais go léir ar bhealach comhsheasmhach agus ba cheart iad** a fhorfheidhmiú agus a chomhroinnt i measc na saoránach agus na bpobal agus ní mór go mbeadh siad laistigh de thionscadal AE, **ós rud é go bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith ag aon mheath ar chosaint na gceart agus na luachanna sin ar an Aontas trí chéile.** Dá bhrí sin, cruthófar Ciste nua um Cheartas, Chearta agus Luachanna a chuimseoidh na clár um Chearta agus Luachanna agus um Cheartas i mbuiséad an Aontais Eorpaigh. Tráth a chaithfidh sochaithe Eorpacha aghaidh a thabhairt ar antoisceachas, radacachas agus easaontais **agus an spás don tsochaí shibhialta neamhspleách atá ag laghdú go leanúnach**, is tábhachtaí murab ionann agus riamh ceartas, cearta agus luachanna an Aontais a chur chun cinn, a neartú, agus a chosaint, mar atá: cearta an duine, meas ar dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, **an neamhidirdhealú, agus** an smacht reachta. Beidh impleachtaí móra díreacha aige sin ar an saol polaitiúil, sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch san Aontas. Mar chuid

(AE) *Uimh 390/2014*⁹ ón gComhairle (dá ngairfear ‘na cláir réamhtheachtacha’ anseo feasta).

den Chiste nua, leanfaidh an Clár um Cheartas de bheith ag tacú le forbairt bhreise limistéar Aontais de cheartas agus de chomhar trasteorann. Tabharfaidh an Clár um *Shaoránaigh, Comhionannas*, Cearta agus Luachanna (*an ‘Clár’*) le chéile Clár 2014-2020 um Chearta, Comhionannas agus Saoránacht arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸ agus an Clár um an Eoraip ar son na Saoránach arna bhunú ag Rialachán (AE) *Uimh 390/2014*⁹ ón gComhairle (dá ngairfear ‘na cláir réamhtheachtacha’ anseo feasta) *agus déanfar é a choigeartú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua atá roimh luachanna na hEorpa*’.

⁸ Rialachán (AE) Uimh. 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear Clár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht don tréimhse 2014-2020 (IO L 354, 28.12.2013, lch. 62).

⁹ Rialachán (AE) Uimh. 390/2014 ón gComhairle an 14 Aibreán 2014 lena mbunaítear an clár ‘Eoraip do Shaoránaigh’ don tréimhse 2014-2020 (IO L 115, 17.4.2014, lch.3).

⁸ Rialachán (AE) Uimh. 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear Clár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht don tréimhse 2014-2020 (IO L 354, 28.12.2013, lch. 62).

⁹ Rialachán (AE) Uimh. 390/2014 ón gComhairle an 14 Aibreán 2014 lena mbunaítear an clár ‘Eoraip do Shaoránaigh’ don tréimhse 2014-2020 (IO L 115, 17.4.2014, lch.3).

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(3) Déanfar an Ciste um Cheartas, Cearta agus Luachanna agus an dá chlár cistiúcháin atá mar bhonn faoi a dhíriú, *go príomha*, ar dhaoine agus ar eintitis a rannchuidíonn le beocht agus beatha a chur sna luachanna, sna cearta agus san éagsúlacht shaibhir is coiteann dúinn. Is é

Leasú

(3) Déanfar an Ciste um Cheartas, Cearta agus Luachanna agus an dá chlár cistiúcháin atá mar bhonn faoi a dhíriú, go príomha, ar dhaoine agus ar eintitis a rannchuidíonn le beocht agus beatha a chur sna luachanna, sa chomhionannas, sna cearta agus san éagsúlacht shaibhir is

an cuspóir bunaidh sochaí atá bunaithe ar chearta agus atá cothrom, uilechuimsitheach agus daonlathach a chothú agus a choinneáil ar bun. ***Áirítear leis sin*** sochaí shibhialta bhríomhar, ***a spreagann*** rannpháirtíocht dhaonlathach, shibhialta agus shóisialta na ndaoine agus éagsúlacht shaibhir shochaí na hEorpa ***a chothú***, bunaithe freisin ar an stair agus ar an gcuimhne is coiteann dúinn. In Airteagal 11 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ***sonraítear freisin go dtabharfaidh*** na hinstitiúidí, ar dhóigheanna iomchuí, an deis do shaoránaigh agus dá gcomhlachais ionadaíochta, a dtuairimí a chur in iúl agus a mhalartú go poiblí i ngach réimse de ghníomhaíocht an Aontais.

coiteann dúinn. Is é an cuspóir bunaidh sochaí atá bunaithe ar chearta agus atá cothrom, ***oscailte***, uilechuimsitheach agus daonlathach a chothú agus a choinneáil ar bun ***trí chistiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí lena gcuirtear chun cinn*** sochaí shibhialta bhríomhar, ***dheafhorbartha, athléimneach agus chumasaithe, lena n-áirítear tacú le cur chun cinn agus cosaint ár gcomhluachanna, agus lena spreagtar*** rannpháirtíocht dhaonlathach, shibhialta agus shóisialta na ndaoine agus ***lena gcothaítear síocháin agus cuirtear*** éagsúlacht shaibhir shochaí na hEorpa ***chun cinn***, bunaithe ar na ***luachanna***, ar an stair agus ar an gcuimhne ***agus ar an oidhreacht*** is coiteann dúinn. Le hAirteagal 11 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ***ceanglaítear go gcoinníonn*** na hinstitiúidí ***idirphlé oscailte, trédhearcach agus rialta leis an tsochaí shibhialta*** agus go dtugann siad, ar dhóigheanna iomchuí, an deis do shaoránaigh agus dá gcomhlachais ionadaíochta, a dtuairimí a chur in iúl agus a mhalartú go poiblí i ngach réimse de ghníomhaíocht an Aontais.

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3a) Ba cheart don Choimisiún idirphlé rialta, oscailte agus trédhearcach le tairbhíthe an Chláir agus le geallsealbhóirí ábhartha eile a áirithiú trí Ghrúpa Idirphlé Sibhialta a chur ar bun. Ba cheart don Ghrúpa Idirphlé Sibhialta rannchuidiú le malartú taithí agus deachleachtas agus le plé maidir le forbairtí beartais laistigh de na réimsí agus na

cuspoirí a chumhdaítear leis an gClár agus na réimsí gaolmhara. Ba cheart go mbeadh an Grúpa Idirphlé Sibhialta comhdhéanta d'eagraíochtaí a roghnaíodh chun deontas oibriúcháin nó gníomhaíochta a fháil faoin gClár agus eagraíochtaí nó geallsealbhóirí eile a chuir a spéis in iúl sa Chlár nó atá ag obair sa réimse beartais seo, ach ní gá go mbeidh tacaíocht ón gClár á fáil acu.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(4) Leis an gClár um **Chearta agus Luachanna (an ‘Clár’)** ba cheart go mbeifí in ann sineirgí a fhorbairt chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann go coitianta le cur chun cinn agus cosaint luachanna agus an mhais chriticiúil is gá ag gach leibhéal a shroicheadh chun torthaí nithiúla a bhaint amach sa réimse, agus leas á bhaint as taithí dhearfach na gClár réamhtheachtaí. Mar gheall air sin beifear ábalta leas iomlán a bhaint as acmhainneacht sineirgí, tacú leis na réimsí beartais faoina bhfuil siad cumhdaithe ar bhealach níos éifeachtaí agus méadú a dhéanamh ar a n-acmhainn chun daoine a shroicheadh. Ionas go mbeidh sé éifeachtach, ba cheart go gcuirfí san áireamh leis an gClár cineál sonrach na mbeartas éagsúil, a spriocghrúpaí éagsúla agus a riachtanais faoi leith trí chuir chuige shaincheaptha.

Leasú

(4) Leis an gClár ba cheart go mbeifí in ann sineirgí a fhorbairt chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann go coiteann le cur chun cinn agus cosaint **na** luachanna **a chumhdaítear sna Conarthaí** agus mais chriticiúil a shroicheadh chun torthaí nithiúla a bhaint amach sa réimse. Ba cheart é sin a bhaint amach trí chur leis an taithí dhearfach a fuarthas ó na cláir réamhtheachtacha, **agus trí thuilleadh forbartha** a dhéanamh ar an méid sin. Mar gheall air sin beifear ábalta leas iomlán a bhaint as acmhainneacht sineirgí, tacú leis na réimsí beartais faoina bhfuil siad cumhdaithe ar bhealach níos éifeachtaí agus méadú a dhéanamh ar a n-acmhainn chun daoine a shroicheadh. Ionas go mbeidh an Clár éifeachtach, ba cheart go gcuirfí san áireamh leis cineál sonrach na mbeartas éagsúil, a spriocghrúpaí éagsúla agus a riachtanais **agus a ndeiseanna faoi leith le haghaidh rannpháirtíochta** trí chuir chuige shaincheaptha **agus spriocdhírthe, lena n-áirítear gach cineál comhionannais agus comhionannais inscne laistigh de a chur chun cinn.**

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(4a) Tá sé bunriachtanach lánurraim a thabhairt don smacht reachta agus don daonlathas, agus iad a chur chun cinn, chun cur le hiontaoibh na saoránach san Aontas. Is réamhriachtanas í urraim don smacht reachta laistigh den Aontas chun cearta bunúsacha a chosaint, agus chun na cearta agus na hoibleagáidí go léir a chumhdaítear sna Conarthaí a chaomhnú. Tá ról tábhachtach ag an gcaoi a gcuirtear an smacht reachta i bhfeidhm sna Ballstáit i dtaca le hiontaoibh fhrithpháirteach a áirithiú i measc na mBallstát agus ina gcórais dlí. Dá bhrí sin, ba cheart cearta bunúsacha, an daonlathas agus an smacht reachta a chur chun cinn agus a choimirciú leis an gClár ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal trasnáisiúnta.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 4 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(4b) Mar chuid den ‘smacht reachta’, atá ar cheann de luachanna an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, tá prionsabal na dlíthiúlachta, rud a thugann de thuiscint go bhfuil próiseas trédhearcach, cuntasach, daonlathach

agus iolraíoch ann chun dlíthe a achtú; deimhneacht dhlíthiúil; an toirmisc ar threallachas na gcumhachtaí feidhmiúcháin; cosaint éifeachtach bhreithiúnach ó chúirteanna neamhspleácha, lena n-áirítear cosaint ar chearta bunúsacha; agus scaradh na gcumhachtaí; agus prionsabal agus an comhionannas faoin dlí.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(5) Chun an tAontas Eorpach a thabhairt níos gaire dá chuid saoránach, teastaíonn gníomhartha agus iarrachtaí comhordaithe éagsúla. Trí shaoránaigh a thabhairt le chéile i dtionscadail um nascadh bailte nó i líonraí bailte agus trí thacú le heagraíochtaí sochaí sibhialta sna ceantair atá clúdaithe ag an gclár cuirfear le ról na saoránach sa tsochaí agus, i ndeireadh báire, lena rannpháirtíocht i saol daonlathach an Aontais. San am céanna, trí thacú le gníomhaíochtaí a chuireann chun cinn comhthuisceant, éagsúlacht, *idirphlé* agus meas ar dhaoine eile cothaítear mothú muintearais *agus* féiniúlacht Eorpach, atá bunaithe ar thuiscint chomhroinnte ar luachanna, chultúr, stair agus oidhreacht na hEorpa. Tá cur chun cinn mhothú muintearais níos láidre san Aontas agus luachanna an Aontais tábhachtach go háirithe i measc saoránach sna réigiúin is forimeallaí san Aontas mar gheall ar a n-iargúlacht agus a bhfad ó mhór-roinn na hEorpa.

Leasú

(5) Chun an tAontas Eorpach a thabhairt níos gaire dá chuid saoránach, *chun rannpháirtíocht dhaonlathach a chothú agus saoránaigh a chumhachtú chun leas a bhaint as a gcearta atá nasctha leis an tsaoránacht Eorpach*, teastaíonn gníomhartha agus iarrachtaí comhordaithe éagsúla, *atá dírithe ar dháileadh geografach cothrom*. Trí shaoránaigh a thabhairt le chéile i dtionscadail um nascadh bailte nó i líonraí bailte agus trí thacú le heagraíochtaí sochaí sibhialta *ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal trasnáisiúnta* sna ceantair atá clúdaithe ag an gclár, cuirfear le ról na saoránach sa tsochaí agus, i ndeireadh báire, lena rannpháirtíocht *ghníomhach* i saol daonlathach an Aontais *chomh maith lena ról maidir le clár polaitiúil an Aontais a mhúnlú*. San am céanna, trí thacú le gníomhaíochtaí lena gcuirtear comhthuisceant, *idirphlé idirchultúrtha*, éagsúlacht *chultúrtha agus teanga, athmhuintearas, cuimsiú sóisialta* agus meas ar dhaoine eile chun cinn, cothaítear mothú muintearais *go bhfuiltear mar chuid den Aontas agus saoránacht choiteann faoin* bhféiniúlacht Eorpach, atá bunaithe ar thuiscint chomhroinnte ar

luachanna, cultúr, stair agus oidhreacht na hEorpa. Tá cur chun cinn mhothú muintearais níos láidre san Aontas agus luachanna an Aontais tábhachtach go háirithe i measc saoránach sna réigiúin is forimeallaí san Aontas mar gheall ar a n-iargúlacht agus a bhfad ó mhór-roinn na hEorpa.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(5a) Le treochtaí iolrachta agus imirce domhanda atá ag dul i méid, tá níos mó tábhachta ag baint le hidirphlé idirchultúrtha agus idirchreidimh inár sochaithe. Ba cheart tacaíocht iomlán a thabhairt tríd an gClár d'idirphlé idirchultúrtha agus idirchreidimh mar chuid den tsíth shóisialta san Eoraip agus mar ghné lárnach chun borradh a chur faoin gcuimsiú agus comhtháthú sóisialta. Cé go bhféadfadh an t-idirphlé idirchreidimh cabhrú le béim a leagan ar rannchuidiú dearfach an reiligiúin leis an gcomhtháthú sóisialta, is baolach go dtabharfadh an neamhlitearthacht reiligiúnach an deis do mhí-úsáid an mothaithe reiligiúnaigh i measc an phobail. Leis an gClár, dá bhrí sin, ba cheart tacú le tionscadail agus tionscnaimh lena bhforbraítear an neamhlitearthacht reiligiúnach agus lena gcothaítear idirphlé idirchreidimh agus tuiscint fhrithpháirteach.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 6

(6) Tá gníomhaíochtaí cuimhneacháin agus ***machnamh*** criticiúil ar chuimhne stair na hEorpa riachtanach chun saoránaigh a chur ar an eolas faoina stair chomhchoiteann, mar bhonn faoi chomhluachanna, ***cuspoir morálta roinnte agus luachanna comhroinnte*** amach anseo. Ba cheart ábharthacht na ngnéithe stairiúla, cultúrtha agus idirchultúrtha a chur san áireamh chomh maith, mar aon leis na naisc idir cuimhneachán agus cruthú féiniúlachta Eorpaí agus mothú muintearais le chéile.

(6) Tá gníomhaíochtaí cuimhneacháin agus ***smaointeoireacht chruthaitheach*** ar chuimhne stair na hEorpa riachtanach chun saoránaigh, ***go háirithe daoine óga***, a chur ar an eolas faoina stair chomhchoiteann, mar bhonn faoi thodhchaí chomhchoiteann. Ba cheart ábharthacht na ngnéithe stairiúla, ***sóisialta***, cultúrtha agus idirchultúrtha, ***caoinfhulaingt agus idirphlé*** a chur san áireamh chomh maith ***chun comhthuiscint bunaithe ar luachanna comhroinnte, ar dhlúthpháirtíocht, ar éagsúlacht agus ar shíocháin a chur chun cinn***, mar aon leis na naisc idir cuimhneachán agus cruthú féiniúlachta Eorpaí agus mothú muintearais le chéile.

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 7

(7) ***Ba cheart*** do shaoránaigh a bheith ***níos*** feasaí faoina gcearta a thagann as saoránacht an Aontais chomh maith, agus ba cheart go mbéidís ar a gcompord agus iad ina gcónaí, ag taisteal, ag staidéar, ag obair agus ag déanamh obair dheonach i mBallstát eile, agus ba cheart dóibh a bheith ábalta leas a bhaint as a gcearta saoránachta agus iad a fheidhmiú, a muinín a chur i rochtain chomhionann, in-fhorfheidhmitheacht agus cosaint iomlán a gceart gan aon leithcheal is cuma cén áit san Aontas a bhfuil siad. Is gá ***tacú*** leis an tsochaí shibhialta maidir le cur chun cinn, cosaint agus ardú feasachta i dtaobh chomhluachanna an Aontais faoi Airteagal 2 CAE agus maidir le rannchuidiú leis na cearta atá ann faoi dhlí

(7) ***Níl dóthain faisnéise*** ag saoránaigh ***an Aontais*** faoina gcearta a thagann as saoránacht an Aontais, ***amhail an ceart chun vótála i dtoghcháin Eorpacha agus i dtoghcháin áitiúla nó an ceart chun cosaint chonsalach a fháil ó ambasáidí na mBallstát eile. Ba cheart cur le feasacht na saoránach i dtaobh na gceart sin*** agus ba cheart go mbéidís ar a gcompord agus iad ina gcónaí, ag taisteal, ag staidéar, ag obair agus ag déanamh obair dheonach i mBallstát eile, agus ba cheart dóibh a bheith in ann leas a bhaint as a gcearta saoránachta go léir agus iad a fheidhmiú, a muinín a chur i rochtain chomhionann, in in-fhorfheidhmitheacht agus i gcosaint iomlán a gceart gan aon idirdhealú, is cuma cén áit san Aontas a bhfuil siad. Is gá an

an Aontais a fheidhmiú go héifeachtach.

tsochaí shibhialta ***a neartú ar gach leibhéal*** maidir le cur chun cinn, cosaint agus ardú feasachta i dtaobh chomhluachanna an Aontais faoi Airteagal 2 CAE agus maidir le rannchuidiú leis na cearta atá ann faoi dhlí an Aontais a fheidhmiú go héifeachtach.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(7a) Leis an Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Aibreán 2009 maidir leis an gCoinsias Eorpach agus an tOllsmachtachas agus Conclúidí ón gComhairle an 9 Meitheamh 2011 maidir leis an gcuimhne ar na coireanna a rinneadh le linn na réimeas ollsmachtach san Eoraip, leagtar béim ar an tábhacht atá le cuimhní a chaomhnú mar mheán chun an t-am atá caite a fhágáil inár ndiaidh agus an todhchaí a thógáil, agus chun aird a thabhairt ar an luach atá le ról an Aontais maidir le comhchuimhne a éascú, a roinnt agus a chur chun cinn i dtaca leis na coireanna sin chun beocht úr a thabhairt d'fhéiniúlacht chomhpháirteach Eorpach atá iolraíoch agus daonlathach.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 8

(8) Luach bunúsach is ea an comhionannas **idir mná agus fir** agus tá sé ar chuspóirí an Aontais sin a bhaint amach. Sáraíonn leithcheal in aghaidh na mban agus cóir neamh-chomhionann na mban a gcearta bunúsacha agus coisceann sé a rannpháirtíocht pholaitiúil, shóisialta agus eacnamaíoch iomlán sa tsochaí. Lena chois sin, na baic struchtúracha agus chultúrtha atá ann is cosc iad ar fhíor-chomhionannas inscne a bhaint amach. Dá réir sin, croí-ghníomhaíocht is ea cur chun cinn an chomhionannais inscne i ngníomhaíochtaí uile an Aontais agus is údar fáis eacnamaíoch é freisin, agus dá bhrí ba cheart tacaíocht a thabhairt dó leis an gclár.

(8) Luach bunúsach is ea an comhionannas **inscne** agus tá sé ar cheann de chuspóirí an Aontais é sin a bhaint amach. **Fágann Airteagal 8 den Rialachán seo an cúram ar an Aontas deireadh a chur le neamhionannais, agus comhionannas a chur chun cinn idir fir agus mná trína a chuid gníomhaíochtaí go léir. Fós féin, léirítear san Innéacs Comhionannais Inscne ó 2017, a d'fhoilsigh an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, go bhfuil an dul chun cinn foriomlán ó thaobh comhionannas inscne san Eoraip an-mhall. Is minic a sháraíonn idirdhealú trasnach tostach agus folaithe in aghaidh na mban agus cóir neamh-chomhionann na mban agus cailíní, mar aon le cineálacha éagsúla foréigin in aghaidh na mban, a gcearta bunúsacha agus a chuireann cosc ar a rannpháirtíocht pholaitiúil, shóisialta agus eacnamaíoch iomlán sa tsochaí. Sa bhreis air sin, is cosc iad na bacainní **polaitiúla**, struchtúracha agus cultúrtha atá ann ar fhíor-chomhionannas inscne a bhaint amach. Dá réir sin, croí-ghníomhaíocht don Aontas agus is údar fáis eacnamaíoch is ea an chomhionannais inscne a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí uile an Aontais, **trí thacú le príomhshruthú inscne agus le cuspóirí neamh-idirdhealaithe, agus trí dhul i ngleic go gníomhach le steiréitíopaí agus trí aghaidh a thabhairt ar idirdhealú tostach** agus ba cheart tacaíocht a thabhairt dó leis an gclár.**

(9) Sárú tromchúiseach ar chearta bunúsacha atá i bhforéigean bunaithe ar inscne agus foréigean in aghaidh leanaí **agus** daoine óga. Leanann foréigean ar aghaidh ar fud an Aontais, i ngach comhthéacs sóisialta agus eacnamaíoch, agus bíonn frithiarmhairtí tromchúiseacha aige ar shláinte choirp agus shíceolaíoch na n-íospartach agus ar an tsochaí ina hiomláine. Tá **leanaí, daoine óga agus mná go háirithe leochaileach i leith** foréigin, **go háirithe iad siúd atá i ndlúthchaidreamh**. Ba cheart beart a dhéanamh chun ceart an linbh a chur chun cinn agus rannchuidiú le cosaint leanaí ar dhochar agus ar fhoréigean, lena gcuirtear a sláinte choirp agus a meabhairshláinte i gcontúirt agus is sárú iad ar a gceart chun forbartha, cosanta agus dínite. Is tosaíochtaí iad de chuid an Aontais gach cineál foréigin a chomhrac, cosc agus cosaint a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh agus cuidíonn siad sin le cearta bunúsacha daoine aonair a shásamh agus cuireann siad le comhionannas idir mná agus fir.

(9) Sárú tromchúiseach ar chearta bunúsacha an duine atá i bhforéigean bunaithe ar inscne agus foréigean in aghaidh leanaí, daoine óga **agus** daoine **scothaosta, daoine faoi mhíchumas, dídeanaithe agus imircigh, agus in aghaidh daoine ó ghrúpaí mionlaigh éagsúla, amhail daoine ó ghrúpaí mionlaigh eitnigh agus daoine LGBTQI**. Leanann foréigean ar aghaidh ar fud an Aontais, i ngach comhthéacs sóisialta agus eacnamaíoch, agus bíonn frithiarmhairtí tromchúiseacha aige ar shláinte choirp agus shíceolaíoch na n-íospartach agus ar an tsochaí ina hiomláine. **Tá gá le cur chuige ilghnéitheach chun an** foréigean **bunaithe ar inscne a chomhrac, ar cur chuige é lena gcumhdófaí gnéithe dlíthiúla, oideachasúla, sláinte, lena n-airítear cearta gnéis agus atáirgthe, gnéithe eacnamaíocha agus gnéithe sochaíocha eile amhail tacú le heagraíochtaí chearta na mban, soláthar comhairle agus cúnamh agus tionscadail a bhfuil sé mar aidhm acu sochaí a bheadh níos comhionainne ó thaobh inscne de a bhaint amach. Is gá dul i ngleic go gníomhach le steiréitíopaí agus le noirm dhíobhálacha ó aois óg, chomh maith le gach cineál fuathchainte agus foréigin ar líne**. Ba cheart beart a dhéanamh chun ceart an linbh a chur chun cinn agus rannchuidiú le cosaint leanaí ar dhochar agus ar fhoréigean, lena gcuirtear a sláinte choirp agus a meabhairshláinte i gcontúirt agus is sárú iad ar a gceart chun forbartha, cosanta agus dínite. **Is é sainmhíniú Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) ar ‘fhoréigean in aghaidh na mban’ ná “gach cineál foréigin atá bunaithe ar inscne, ar dócha a n-eascróidh díobháil fhisiceach, ghnéasach, shíceolaíoch, nó eacnamaíoch uaidh do mhná, lena n-**

*áirítear bagairtí go ndéanfaí na gníomhartha sin leo, comhéigean nó saoirse a bhaint go treallach, bíodh sin ag tarlú sa saol poiblí nó sa saol príobháideach”. Is tosaíochtaí iad de chuid an Aontais gach cineál foréigin a chomhrac, cosc agus cosaint a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt d’íospartaigh agus cuidíonn siad sin le cearta bunúsacha daoine aonair a shásamh agus cuireann siad le comhionannas idir mná agus fir. **Ba cheart go ndéanfaí tacaíocht maidir le cearta na n-íospartach agus maidir le cosc a cheapadh i gcomhar leis an spriocghrúpa agus ba cheart a áirithiú go mbeifear ag comhlíonadh riachtanais shonracha na ndaoine sin atá neamhchosanta ar leochaileachtaí éagsúla.***

Leasú 18

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(9a) Bíonn mná gan cháipéisí, go háirithe, neamhchosanta ar fhoréigean agus ar dhrochúsáid ghnéasach agus ní bhíonn rochtain acu ar thacaíocht. Is den rithábacht cur chuige a chur chun feidhme atá dírithe ar íospartaigh agus seirbhísí tacaíochta leordhóthanacha a sholáthar do mhná uile ar fud an Aontais, gan beann ar a stádas cónaithe. Tá an gá atá le gné atá íogair ó thaobh inscne de i bpróisis tearmainn an-tábhachtach le haghaidh obair thrasnach agus féadann sé sin rannchuidiú le comhionannas inscne.

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(10) Toil láidir pholaitiúil agus gníomhaíocht chomhordaithe bunaithe ar mhodhanna agus ar thorthaí an chláir Daphne a bhí ann roimhe seo, an Chláir um Chearta, Comhionannas agus Saoránacht agus an Chláir um Cheartas, sin iad na nithe atá riachtanach chun gach cineál foréigin a chosc agus a chomhrac agus chun íospartaigh a chosaint. Ó seoladh in 1997 é, tá ag éirí go fíormhaith le cistiú ón gclár Daphne tacú le híospartaigh an fhoréigin agus an foréigean in aghaidh ban, leanaí agus daoine a chomhrac, i gcomhthéacs a éilimh ag páirtithe leasmhara (údaráis phoiblí, institiúidí acadúla agus eagraíochtaí neamhrialtasacha) agus i gcomhthéacs éifeachtúlacht na dtionscadal arna gcistiú. Rinneadh tionscadail a chistiú leis an gclár chun feasacht a ardú, seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil d'íospartaigh, agus chun tacú le gníomhaíochtaí eagraíochtaí neamhrialtasacha atá ag obair ar an talamh. Chuathas i ngleic le gach cineál foréigin, mar shampla, foréigean baile, foréigean gnéasach, gáinneáil ar dhaoine, agus cineálacha nua foréigin atá ag teacht chun cinn ar nós na cibearbhulaíochta. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin leanúint leis na gníomhaíochtaí ar fad sin agus na torthaí agus na ceachtanna atá foghlamtha dá mbarr a chur san áireamh go hiomchuí i gcur chun feidhme an Chláir.

Leasú

(10) Toil láidir pholaitiúil agus gníomhaíocht chomhordaithe bunaithe ar mhodhanna agus ar thorthaí an chláir Daphne a bhí ann roimhe seo, an Chláir um Chearta, Comhionannas agus Saoránacht agus an Chláir um Cheartas, sin iad na nithe atá riachtanach chun gach cineál foréigin a chosc agus a chomhrac agus chun íospartaigh a chosaint. Ó seoladh in 1997 é, tá ag éirí go fíormhaith le cistiú ón gclár Daphne tacú le híospartaigh an fhoréigin agus an foréigean in aghaidh ban, leanaí agus daoine a chomhrac, i gcomhthéacs a éilimh ag páirtithe leasmhara (údaráis phoiblí, institiúidí acadúla agus eagraíochtaí neamhrialtasacha) agus i gcomhthéacs éifeachtúlacht na dtionscadal arna gcistiú. Rinneadh tionscadail a chistiú leis an gclár chun feasacht a ardú, seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil d'íospartaigh, agus chun tacú le gníomhaíochtaí eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) atá ag obair ar an talamh. Tá aghaidh tugtha leis ar gach cineál foréigin, mar shampla foréigean baile, foréigean gnéasach, gáinneáil ar dhaoine, ***stalcaireacht agus cleachtais dhíobhálacha thraidisiúnta amhail ciorrú ball giniúna ban***, agus cineálacha nua foréigin atá ag teacht chun cinn ar nós an cibearbhulaíochta ***agus an chibirchiaptha***. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go leanfaí leis na gníomhaíochtaí sin ar fad ***a bhfuil leithdháileadh buiséid neamhspleách do Daphne ag baint leo*** agus go ndéanfaí na torthaí agus na ceachtanna sin atá foghlamtha dá mbarr a chur san áireamh go hiomchuí i gcur chun feidhme an Chláir.

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(11) Ceann de phrionsabail bhunúsacha an Aontais is ea é an neamh-idirdhealú. In Airteagal 19 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh foráiltear maidir le bearta chun leithcheal ar fhorais inscne, cine nó tionscnaimh eitnigh, reiligiúin nó creidimh, míchumais, aoise nó gnéaschlaonta, a chomhrac. Tá neamh-idirdhealú cuimsithe in Airteagal 21 den Chairt freisin. Ba cheart gnéithe sonracha na gcineálacha éagsúla idirdhealaithe a chur san áireamh agus, san am céanna, ba cheart bearta iomchuí a cheapadh chun idirdhealú de shaghas amháin nó níos mó ná saghas amháin a chosc agus a chomhrac. Ba cheart go dtacódh an clár le gníomhaíochtaí tacaíochta maidir le leithcheal, ciníochas, seineafóibe, frith-Sheimíteachas, fuath i leith Moslamach agus cineálacha eile éadulaingte a chomhrac. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar gach cineál foréigin, fuatha, leithlisithe agus stiogmataithe chomh maith, mar aon le bulaíocht, ciapadh agus cóir éadulangach a chomhrac. Ba cheart an Clár a chur chun feidhme i dteannta gníomhaíochtaí eile de chuid an Aontais ag a bhfuil na cuspóirí céanna, go háirithe na cuspóirí dá dtagraítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Aibreán 2011 dar teideal “Creat AE do Straitéisí Náisiúnta maidir le Lánpháirtiú na Romach go dtí 2020¹⁰” agus sa Mholadh ón gComhairle an 09 Nollaig 2013 maidir le bearta éifeachtacha um lánpháirtí na Romach sna Ballstáit¹¹.

Leasú

(11) Ceann de phrionsabail bhunúsacha an Aontais is ea é an neamh-idirdhealú. In Airteagal 19 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh foráiltear gníomhaíocht maidir le bearta chun idirdhealú ar fhorais inscne, cine nó tionscnaimh eitnigh, reiligiúin nó creidimh, míchumais, aoise nó gnéaschlaonta, a chomhrac. Tá neamh-idirdhealú cuimsithe in Airteagal 21 den Chairt freisin. Ba cheart gnéithe sonracha na gcineálacha éagsúla idirdhealaithe, ***lena n-áirítear idirdhealú díreach, indíreach agus struchtúrach***, a chur san áireamh agus, san am céanna, ba cheart bearta iomchuí a cheapadh chun idirdhealú de shaghas amháin nó níos mó ná saghas amháin a chosc agus a chomhrac. Ba cheart go dtacódh an Clár le gníomhaíochtaí maidir le hidirdhealú, ciníochas, seineafóibe, ***afrafóibe***, frith-Sheimíteachas, ***frithghiofógachas***, fuath i leith Moslamach, ***homafóibe*** agus cineálacha eile éadulaingte a chosc agus a chomhrac, ***ar líne agus as líne, in aghaidh daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, agus na leibhéil iolracha idirdhealaithe a dhéantar ar mhná á gcur san áireamh***. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar gach cineál foréigin, fuatha, leithlisithe agus stiogmataithe chomh maith, mar aon le bulaíocht, ciapadh agus cóir éadulangach a chomhrac. Ba cheart an Clár a chur chun feidhme i dteannta gníomhaíochtaí eile de chuid an Aontais ag a bhfuil na cuspóirí céanna, go háirithe na cuspóirí dá dtagraítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Aibreán 2011 dar teideal “Creat AE do Straitéisí Náisiúnta maidir le Lánpháirtiú na Romach go dtí 2020¹⁰” agus sa Mholadh ón gComhairle an

¹⁰ COM(2011)0173.

¹¹ IO L 378, 24.12.2013, lch. 1.

¹⁰ COM(2011)0173.

¹¹ IO L 378, 24.12.2013, lch. 1.

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(12) Cuirtear bac ar rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtúil **daoine** faoi mhíchumais sa tsochaí, ar bhonn cothrom le daoine eile le baic dhearaidh agus comhshaoil chomh maith leis an easpa inrochtaineachta. Tá baic le sárú ag **daoine** faoi mhíchumais ar, i measc nithe eile, rochtain ar an mhargadh saothair, tairbhe a baint as oideachas uilechuimsitheach ardcháilíochta, bochtaineacht agus eisiamh sóisialta a sheachaint, rochtain a bheith acu ar thionscnaimh chultúrtha agus ar na meáin, agus a gcearta polaitiúla a fheidhmiú. Is páirtí an tAontas agus na Ballstáit i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine Faoi Mhíchumas (UNCRPD), agus dá bhrí sin tá gealltanais tugtha acu tairbhiú iomlán agus cothrom chearta uile an duine agus shaoirsí bunúsacha na ndaoine uile faoi mhíchumais a chur chun cinn, a chosaint agus a áirithiú. Tá forálacha UNCRPD ina gcuid dhílis d'ord dlíthiúil an Aontais anois.

Leasú

(12) Cuirtear bac ar rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtúil **daoine** faoi mhíchumais sa tsochaí, ar bhonn cothrom le daoine eile le baic dhearaidh agus comhshaoil chomh maith leis an easpa inrochtaineachta. Tá baic le sárú ag **daoine** faoi mhíchumais, **lena n-áirítear iad siúd a bhfuil lagú fadtéarmach fisiciúil, meabhrach, intleachta nó céadfach acu**, ar, i measc nithe eile, rochtain ar an mhargadh saothair, tairbhe a baint as oideachas cuimsitheach ardcháilíochta, bochtaineacht agus eisiamh sóisialta a sheachaint, rochtain a bheith acu ar thionscnaimh chultúrtha agus ar na meáin, agus a gcearta polaitiúla a fheidhmiú. Is páirtí an tAontas agus na Ballstáit i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine Faoi Mhíchumas (UNCRPD), agus dá bhrí sin tá gealltanais tugtha acu tairbhiú iomlán agus cothrom chearta uile an duine agus shaoirsí bunúsacha na ndaoine uile faoi mhíchumais a chur chun cinn, a chosaint agus a áirithiú. Tá forálacha UNCRPD, **ar forálacha iad a bhfuil a gcur chun feidhme éigeantach**, ina gcuid dhílis d'ord dlíthiúil an Aontais anois. **I ndáil leis an méid sin, ba cheart don Chlár aird faoi leith agus cistiú a thabhairt do ghníomhaíochtaí chunfeasacht a ardú**

*faoi na dúshláin a bhíonn roimh dhaoine
faoi mhíchumas chun páirt iomlán a
ghlacadh sa tsochaí agus le go mbeidh
siad in ann tairbhiú dá gcearta mar
shaoránaigh ar chomhchéim le
saoránaigh eile.*

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(13) Tá an ceart go ndéanfar a shaol nó a saol príobháideach agus a shaol nó a saol teaghlaigh, a chónaí nó a cónaí agus a chumarsáidí nó a cumarsáidí a urramú (ceart chun príobháideachais) ina cheart bunúsach atá cuimsithe in Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha. Tá cosaint sonraí pearsanta ina cheart bunúsach atá cuimsithe in Airteagal 8 agus in Airteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tá comhlíonadh na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta faoi réir rialú ag húdaráis neamhspleácha mhaoirseachta. I gcreat dlíthiúil an Aontais, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹² agus Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³ leagtar síos forálacha chun áirithiú go gcaomhnaítear go héifeachtach an ceart chun cosaint sonraí pearsanta. Leis na hionstraimí dlíthiúla sin cuirtear ar iontaoibh d'údarais náisiúnta mhaoirseachta um chosaint sonraí pearsanta feasacht poiblí agus tuiscint ar na rioscaí, rialacha, coimircí agus cearta i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a chur chun cinn. Ba cheart don Aontas a bheith ábalta staidéar agus gníomhaíochtaí ardaithe feasachta agus gníomhaíochtaí ábhartha eile a dhéanamh ag cur san áireamh na tábhachta a bhaineann leis an gceart go ndéanfar sonraí pearsanta a

Leasú

(13) Tá an ceart go ndéanfar a shaol nó a saol príobháideach agus a shaol nó a saol teaghlaigh, a chónaí nó a cónaí agus a chumarsáidí nó a cumarsáidí a urramú (ceart chun príobháideachais) ina cheart bunúsach atá cuimsithe in Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha. Tá cosaint sonraí pearsanta ina cheart bunúsach atá cuimsithe in Airteagal 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha agus in Airteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tá comhlíonadh na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta faoi réir rialú ag húdaráis neamhspleácha mhaoirseachta. I gcreat dlíthiúil an Aontais, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹² agus Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³ leagtar síos forálacha chun a áirithiú go gcaomhnaítear go héifeachtach an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint. Leis na hionstraimí dlíthiúla sin cuirtear ar iontaoibh d'údarais náisiúnta mhaoirseachta um chosaint sonraí pearsanta feasacht poiblí agus tuiscint ar na rioscaí, rialacha, coimircí agus cearta i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a chur chun cinn. Ba cheart don Aontas a bheith in ann gníomhaíochtaí ardaithe feasachta a dhéanamh, ***tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta san obair ar son cosaint sonraí i gcomhréir le caighdeán an***

chosaint tráth atá forás ag teacht go pras ar an teicneolaíocht.

¹² IO L 119, 4.5.2016, lch. 1-88.

¹³ IO L 119, 4.5.2016, lch. 89-131.

Aontais, agus staidéir a dhéanamh agus gníomhaíochtaí ábhartha eile a dhéanamh i bhfianaise a thábhachtaí atá an ceart go gcosnófaí sonraí pearsanta tráth atá forás ag teacht go pras ar an teicneolaíocht.

¹² IO L 119, 4.5.2016, lch. 1-88.

¹³ IO L 119, 4.5.2016, lch. 89-131.

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 13 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(13a) Tá an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil cumhdaithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Tá rochtain shaor ar fhaisnéis, meastóireacht ar choinníollacha maidir le creat na meán agus úsáid fhreagrach agus shábháilte na líonraí cumarsáide agus faisnéise nasctha go díreach le forbairt neamhshrianta thuairimí an phobail agus tá siad rithábhachtach chun daonlathas feidhmiúil a ráthú. Tá sé riachtanach don phobal na scileanna i litearthacht na meán is gá a fháil le haghaidh smaointeoireacht agus grinneas criticiúil agus an cumas chun anailís a dhéanamh ar réaltachtaí casta, difríochtaí idir tuairimí agus fíorais a aithint agus cur i gcoinne aon chineál gríosaithe chun fuatha. Chun na críche sin, ba cheart don Aontas forbairt ar litearthacht na meán a chur chun cinn do na saoránaigh uile, gan beann ar a n-aois, trí oiliúint, ardú feasachta, staidéir agus gníomhaíochtaí ábhartha eile.

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(14) Le hAirteagal 24 CFAE cuirtear d'oibleagáid ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle forálacha a ghlacadh maidir leis na nósanna imeachta agus na gcoinníollacha a bheadh ag teastáil do thionscnamh saoránach de réir bhrí Airteagal 11 den Chonradh an Aontais Eorpaigh. Rinneadh sin trí Rialachán [AE Uimh 211/2011] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴ a ghlacadh]. Ba cheart go dtacódh an Clár le maoiniú na tacaíochta teicniúla agus eagraíochta chun Rialachán [(EU) Uimh 211/2011] a chur i bhfeidhm, agus dá réir sin ag tacú le cleachtadh an chirt chun tionscnaimh um shaoránaigh Eorpacha a sheoladh agus tacú leo ag saoránaigh.

¹⁴ Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le tionscnamh na saoránach (IO L 65, 11.3.2011, lch. 1).

Leasú

(14) ***Is é an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh an chéad ionstraim fhorháisiúnta um dhaonlathas rannpháirteach, lena gcruthaítear nasc díreach idir saoránaigh na hEorpa agus institiúidí an Aontais.*** Le hAirteagal 24 CFAE cuirtear d'oibleagáid ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle forálacha a ghlacadh maidir leis na nósanna imeachta agus na gcoinníollacha a bheadh ag teastáil do thionscnamh saoránach de réir bhrí Airteagal 11 den Chonradh an Aontais Eorpaigh. Rinneadh sin trí Rialachán [AE Uimh 211/2011] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴ a ghlacadh]. Ba cheart go dtacódh an Clár le maoiniú na tacaíochta teicniúla agus eagraíochta chun Rialachán [(EU) Uimh 211/2011] a chur i bhfeidhm, agus dá réir sin ag tacú le cleachtadh an chirt chun tionscnaimh um shaoránaigh Eorpacha a sheoladh agus tacú leo ag saoránaigh ***agus chun daoine eile a spreagadh chun tacú leo.***

¹⁴ Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le tionscnamh na saoránach (IO L 65, 11.3.2011, lch. 1).

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(15) De bhun Airteagal 8 agus 10 CFAE, ba cheart do ghníomhaíochtaí uile an Chláir tacú le príomhshruthú inscne agus le

Leasú

(15) De bhun Airteagail 8 agus Airteagal 10 CFAE, ba cheart do ghníomhaíochtaí uile an Chláir tacú le príomhshruthú inscne

príomhshruthú cuspóirí neamh-idirdhealaithe.

agus le príomhshruthú cuspóirí neamh-idirdhealaithe, *agus úsáid an bhuiséadaithe inscne agus an mheasúnaithe tionchair ar inscne, i gcás inar gá, a chur chun cinn sa phróiseas buiséadach san Aontas freisin. Chun an príomhshruthú inscne a chur chun feidhme i gceart tá gá le buiséadú inscne i ngach líne buiséadach ábhartha agus le hacmhainní leormhaithe a leithdháileadh agus le trédhearcacht sna línte buiséadacha arna dtiomnú don chomhionannas inscne a chur chun cinn agus don chomhrac i gcoinne idirdhealú bunaithe ar inscne. Ba cheart go ndéanfaí athbhreithniú ar na tionscadail aonair agus ar an gClár ag deireadh na tréimhse cistiúcháin lena fháil amach a mhéid a baineadh amach leo i gcomhréir leis na prionsabail a luadh thuas.*

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(17) I gcomhréir le gníomhartha de chuid an Aontais maidir le cóir chomhionann bhunaigh na Ballstáit comhlachtaí neamhspleácha chun cóir chomhionann a chur chun cinn, ar a dtugtar go coitianta “chomhlachtaí comhionannais”, chun leithcheal bunaithe ar chine agus ar thionscnamh eitneach agus ar inscne a chomhrac. Mar sin féin, chuaigh a lán Ballstát thairis na ceanglais sin agus d’áirithigh siad gur féidir le comhlachtaí comhionannais déileáil chomh maith le leithcheal bunaithe ar fhorais eile amhail aois, claonadh gnéis, reiligiún agus creideamh, míchumas. Tá ról tábhachtach ag na comhlachtaí comhionannais maidir le comhionannas a chur chun cinn agus cur i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le cóir chomhionann a áirithiú go háirithe trí

Leasú

(17) I gcomhréir le gníomhartha de chuid an Aontais maidir le cóir chomhionann bhunaigh na Ballstáit comhlachtaí neamhspleácha chun cóir chomhionann a chur chun cinn, ar a dtugtar go coitianta “chomhlachtaí comhionannais”, chun idirdhealú bunaithe ar chine agus ar thionscnamh eitneach agus ar inscne a chomhrac. Mar sin féin, chuaigh a lán Ballstát thairis na ceanglais sin agus d’áirithigh siad gur féidir le comhlachtaí comhionannais déileáil chomh maith le hidirdhealú bunaithe ar fhorais eile amhail **teanga**, aois, claonadh gnéis, reiligiún agus creideamh, míchumas nó forais eile. Tá ról tábhachtach ag na comhlachtaí comhionannais maidir le comhionannas a chur chun cinn agus cur i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le cóir chomhionann a

chúnamh neamhspleách a chur ar fáil d'íospartaigh an leithcheala, suirbhéanna neamhspleácha a dhéanamh maidir le leithcheal, tuarascálacha neamhspleácha a fhoilsiú agus moltaí a dhéanamh maidir le ceist ar bith a bhaineann le leithcheal ina dtír. Tá sé riachtanach obair na gcomhlachtaí comhionannais a chomhordú ar leibhéal an Aontais maidir leis sin. Cruthaíodh EQUINET in 2007. Is iad a chuid ball na comhlachtaí náisiúnta um chur chun cinn na déileála comhionainne mar atá bunaithe le Treoir 2000/43/CE¹⁵ agus 2004/113/CE¹⁶, ón gComhairle, agus le Treoir 2006/54/CE¹⁷ agus 2010/41/AE¹⁸ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Cás eisceachtúil is ea EQUINET, arae is é an t-aon eintiteas é a áirithíonn comhordú gníomhaíochtaí idir comhlachtaí comhionannais. Tá an ghníomhaíocht comhordúcháin a dhéanann EQUINET tábhachtach do dheachur i bhfeidhm dhlí an Aontais in aghaidh an leithcheala sna Ballstáit agus ba cheart don Chlár tacú leis.

áirithiú go háirithe trí chúnamh neamhspleách a chur ar fáil d'íospartaigh an idirdhealaithe, suirbhéanna neamhspleácha a dhéanamh maidir le hidirdhealú, tuarascálacha neamhspleácha a fhoilsiú agus moltaí a dhéanamh maidir le ceist ar bith a bhaineann le hidirdhealú ina dtír. Tá sé riachtanach obair na gcomhlachtaí comhionannais **ábhartha uile sin** a chomhordú ar leibhéal an Aontais maidir leis sin. Cruthaíodh EQUINET in 2007. Is iad a chuid ball na comhlachtaí náisiúnta um chur chun cinn na déileála comhionainne mar atá bunaithe le Treoir 2000/43/CE¹⁵ agus 2004/113/CE¹⁶, ón gComhairle, agus le Treoir 2006/54/CE¹⁷ agus 2010/41/AE¹⁸ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. **An 22 Meitheamh 2018, ghlac an Coimisiún moladh maidir le caighdeán do chomhlachtaí comhionannais, lena gcumhdaítear sainordú, neamhspleáchas, éifeachtacht agus comhordú agus comhar chomhlachtaí comhionannais.** Cás eisceachtúil is ea EQUINET, mar is é an t-aon eintiteas é a áirithíonn comhordú gníomhaíochtaí idir comhlachtaí comhionannais. Tá an ghníomhaíocht comhordúcháin a dhéanann EQUINET tábhachtach do dheachur i bhfeidhm dhlí an Aontais in aghaidh an idirdhealaithe sna Ballstáit agus ba cheart don Chlár tacú leis.

¹⁵ Treoir 2000/43/CE an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear i bhfeidhm prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan spleáchas do thionscnamh ciníoch nó eitneach (OJ L 180, 19.7.2000, lch. 22).

¹⁶ Treoir 2004/113/CE an 13 Meitheamh 2004 lena gcuirtear i bhfeidhm prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí (OJ L 373, 21.12.2004, lch. 37).

¹⁷ Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006

¹⁵ Treoir 2000/43/CE an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear i bhfeidhm prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan spleáchas do thionscnamh ciníoch nó eitneach (OJ L 180, 19.7.2000, lch. 22).

¹⁶ Treoir 2004/113/CE an 13 Nollaig 2004 lena gcuirtear i bhfeidhm prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí (OJ L 373, 21.12.2004, lch. 37).

¹⁷ Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006

maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (OJ L 204, 26.7.2006, lch. 23).

¹⁸ Treoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ar bhonn féinfhostaithe a chur i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Treoir 86/613/CEE ón gComhairle (IO L 180, 15.7.2010, lch. 1).

maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (OJ L 204, 26.7.2006, lch. 23).

¹⁸ Treoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ar bhonn féinfhostaithe a chur i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Treoir 86/613/CEE ón gComhairle (IO L 180, 15.7.2010, lch. 1).

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 17 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(17a) Chun inrochtaineacht a mhéadú agus chun treoir neamhchlaonta agus faisnéis phraiticiúil a sholáthar maidir le gach gné den Chlár, ba cheart pointí teagmhála a chur ar bun sna Ballstáit chun cúnamh a sholáthar do thairbhithe agus d'iarratasóirí araon. Ba cheart go mbeadh pointí teagmhála an Chláir in ann a bhfeidhmeanna a chur i gcrích go neamhspleách, gan aon fho-ordúcháin nó cur isteach díreach ar a gcinnteoireacht ó údaráis poiblí. Is féidir leis na Ballstáit nó eagraíochtaí na sochaí sibhialta nó cuibhreannas díobh bainistiú a dhéanamh ar na pointí teagmhála. Ní bheidh aon fhreagracht ag pointí teagmhála an Chláir maidir le roghnú tionscadal;

Leasú 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(18) Tá ról rithábhachtach ag comhlachtaí neamhspleácha do chearta an duine **agus** eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir le cur chun cinn, cosaint agus ardú feasachta i dtaobh chomhluachanna an Aontais faoi Airteagal 2 den CAE, agus maidir le cur le tairbhiú ceart faoi dhlí an Aontais, lena n-áirítear an Chairt um Chearta Bunúsacha an AE. Faoi mar a léirítear sa Rún ó Pharlaimint na hEorpa an **18** Aibreán 2018, tá tacaíocht dhóthanach airgeadais tábhachtach chun timpeallacht fhabhrach agus inbhuanaithe a chothú d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun a ról a neartú agus a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh go neamhspleách agus go héifeachtúil. Agus iarrachtaí á gcomhlánú ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart go gcuirfí dá bhrí sin le tacaíocht, cumhachtú agus acmhainn eagraíochtaí na sochaí sibhialta a fhorbairt atá gníomhach i gcur chun cinn chearta an **duine** a gcuidíonn a ngníomhaíochtaí le forfheidhmiú straitéiseach na gceart faoi dhlí AE agus faoi Chairt um Chearta Bunúsacha AE, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí tacaíochta agus faire, chomh maith le comhluachanna an Aontais a chur chun cinn, a chosaint agus feasacht a ardú fúthu ar an leibhéal náisiúnta.

Leasú

(18) Tá ról rithábhachtach ag comhlachtaí neamhspleácha do chearta an duine, ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta **agus ag cosantóirí chearta an duine** maidir le cur chun cinn, cosaint agus ardú feasachta i dtaobh chomhluachanna an Aontais faoi Airteagal 2 den CAE, agus maidir le rannchuidiú le tairbhiú ceart faoi dhlí an Aontais, lena n-áirítear an Chairt um Chearta Bunúsacha AE. Faoi mar a léirítear sa Rún ó Pharlaimint na hEorpa an **19** Aibreán 2018, tá **méadú ar mhaoiniú agus** tacaíocht dhóthanach airgeadais tábhachtach chun timpeallacht fhabhrach agus inbhuanaithe a chothú d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun a ról a neartú agus a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh go neamhspleách agus go héifeachtúil. Anuas ar iarrachtaí a chomhlánú ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart cistiú ó AE a bheith ina chuidiú dá bhrí sin chun tacú le hacmhainn eagraíochtaí neamhspleácha na sochaí sibhialta, í a chumhachtú agus a í a fhorbairt, **lena n-áirítear trí bhunchistiú leormhaith agus roghanna costais, rialacha airgeadais agus nósanna imeachta níos simplí**, ar eagraíochtaí iad atá gníomhach i gcur chun cinn **luachanna an Aontais amhail daonlathas, smacht reachta agus cearta bunúsacha** a gcuidíonn a ngníomhaíochtaí le forfheidhmiú straitéiseach na gceart faoi dhlí AE agus faoin gCairt um Chearta Bunúsacha AE, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí tacaíochta agus faire, mar aon le comhluachanna an Aontais a chur chun cinn, a chosaint agus feasacht a ardú fúthu ar an leibhéal **áitiúil, an leibhéal réigiúnach, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal trasnáisiúnta**.

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(19) Ba cheart don Choimisiún comhsheasmhacht fhoriomlán, comhlántacht agus sineirgí a áirithiú le hobair chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, go háirithe an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, agus ba cheart dó machnamh a dhéanamh ar obair na ngníomhairí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile atá cumhdaithe faoin gClár.

Leasú

(19) Ba cheart don Choimisiún comhsheasmhacht fhoriomlán, comhlántacht agus sineirgí a áirithiú le hobair chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, go háirithe an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, agus ba cheart dó machnamh a dhéanamh ar obair na ngníomhairí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile atá cumhdaithe faoin gClár. ***Ba cheart go ndéanfaidh an Coimisiún rannpháirtithe an Chláir seo a threorú go gníomhach maidir le húsáid tuarascálacha agus acmhainní arna nginiúint ag na comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí sin de chuid an Aontais, amhail buiséadú inscne agus uirlisí measúnaithe inscne arna bhforbairt ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne.***

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(19 a) Le sásra cuimsitheach an Aontais maidir le daonlathas, smacht reachta agus cearta bunúsacha, ba cheart go ráthófaí athbhreithniú rialta agus comhionann ar na Ballstáit go léir, lena solathraítear an fhaisnéis is gá chun na bearta a bhaineann le heasnaimh ghinearálta luachanna an Aontais sna

Leasú 31

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(20) Ba cheart don Chlár a bheith oscailte, faoi réir coinníollacha áirithe, do rannpháirtíocht chomhaltaí Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus chomhaltaí CSTE nach comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus tíortha Eorpacha eile. Ba cheart do thíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha a bhaineann leis an straitéis réamhaontachais bheith in ann páirt a ghlacadh sa Chlár.

Leasú

(20) *Maidir le cur chun feidhme na gcuspóirí sonracha ó thaobh comhionannas inscne agus cearta comhionannais a chur chun cinn, rannpháirtíocht na saoránach i saol daonlathach an Aontais a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil, an leibhéal réigiúnach, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal trasnáisiúnta agus foréigean a chomhrac*, ba cheart an Clár a bheith oscailte, faoi réir coinníollacha áirithe, do rannpháirtíocht chomhaltaí Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus do rannpháirtíocht chomhaltaí CSTE nach comhaltaí iad de LEE agus tíortha Eorpacha eile. Ba cheart do thíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha a bhaineann leis an straitéis réamhaontachais bheith in ann páirt a ghlacadh sa Chlár.

Leasú 32

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(21) Chun leithdháileadh éifeachtach cistí ón bhuiséad ginearálta an Aontais a áirithiú, is gá go n-áiritheofar breisluach Eorpach na ngníomhartha agus na

Leasú

(21) Chun leithdháileadh éifeachtúil na gcistí ó bhuiséad ginearálta an Aontais a áirithiú, is gá breisluach Eorpach a áirithiú sna gníomhaíochtaí uile a dhéantar, *lena n-*

ngníomhartha uile a dhéantar leis an gclár, a gcomhlántacht le gníomhaíochtaí na mBallstát, agus féachtar ag an am céanna do chomhsheasmhacht, comhlántach agus sineirgí le cláir chistiúcháin a thacaíonn le réimsí beartais a bhfuil dlúthcheangal acu lena chéile, go háirithe laistigh de chreat luachanna AE – agus mar sin leis an gClár um Cheartas – chomh maith leis le Eoraip na Cruthaitheachta, ERASMUS+ acmhainneacht na dtrasnasc cultúrtha sna réimsí cultúrtha, meán, ealaíon, oideachais agus cruthaitheachta a bhaint amach. Is gá sineirgí a chruthú le cláir chistiúcháin Eorpacha eile, go háirithe sna réimsí fostaíochta, an mhargaidh inmheánaigh, fiontraíochta, óige, sláinte, saoránachta, ceartais, imirce, slándála, taighde, nuálaíochta, teicneolaíochta, tionscail, comhtháthaithe, turasóireachta, caidrimh sheachtraigh, trádála agus forbartha.

áirítear ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta, agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, ar gníomhaíochtaí iad a dhírítear ar na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 de CAE a chur chun cinn agus a choimirciú. Ba cheart don Choimisiún iarracht a dhéanamh comhleanúnachas, sineirgí agus comhlántacht a bhaint amach le gníomhaíochtaí na mBallstát, agus le cláir chistiúcháin eile a thacaíonn le réimsí beartais a bhfuil dlúthnaisc acu leis an gCiste um Cheartas, Cearta agus Luachanna, lena n-áirítear leis an gClár ‘Eoraip na Cruthaitheachta’, agus le Erasmus+, chomh maith le beartais ábhartha an Aontais.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 21 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(21a) De bhun Airteagal 9 CFAE, ba cheart go gcuirfí chun cinn leibhéal ard fostaíochta, ráthaíocht do chosaint shóisialta leordhóthanach agus an comhrac i gcoinne an eisiata shóisialta. Dá bhrí sin, le gníomhaíochtaí faoin gClár ba cheart go ndéanfaí sineirgí idir an comhrac i gcoinne na bochtaineachta, an eisiata shóisialta agus an eisiata ón margadh saothair agus cur chun cinn an chomhionannais agus an troid i gcoinne gach cineál idirdhealú a chur chun cinn. Dá bhrí sin, ba cheart go ndéanfaí an

Clár a chun feidhme ar bhealach lena ndéanfaí an líon is mó sineirgí agus comhlántachtaí a áirithiú idir a shraitheanna éagsúla agus le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus araon. Thairis sin, ba cheart go n-áiritheofaí sineirgí le hErasmus agus le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus araon chun a áirithiú go rannchuideoidh na cistí sin le chéile chun oideachas d'ardchaighdeán a ghnóthú agus comhdheiseanna do chách a áirithiú.

Leasú 34

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(22 a) *Tá sé tábhachtach go n-áiritheofaí bainistíocht fhónta airgeadais an chláir agus a cur chun feidhme ar an mbealach is éifeachtaí agus is sothuigthe don úsáideoir, agus deimhneacht dhlíthiúil agus inrochtaineacht an chláir do gach rannpháirtí á n-áirithiú ag an am céanna.*

Leasú 35

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(22 b) *Ba cheart go mbeadh feabhas a chur ar chur chun feidhme agus ar*

cháilíocht an chaiteachais ina dtreoirphrionsabail i gcomhair cuspóirí an chláir a bhaint amach, agus úsáid optamach na n-acmhainní airgeadais á háirithiú ag an am céanna.

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(23) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) Uimh. [an Rialachán Airgeadais nua] (an ‘Rialachán Airgeadais’) maidir leis an gClár seo. Leagtar síos leis rialacha maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, soláthar, cur chun feidhme indíreach, ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha.

Leasú

(23) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) Uimh. [an Rialachán Airgeadais nua] (an ‘Rialachán Airgeadais’) maidir leis an gClár seo. Leagtar síos leis rialacha maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, soláthar, cur chun feidhme indíreach, cúnamh airgeadais, ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha ***agus éilítear trédhearcacht iomlán maidir le húsáid acmhainní, bainistíocht fhónta airgeadais agus úsáid stuama acmhainní. Go háirithe, rialacha maidir leis an deis atá ann go ndéanfaí eagraíochtaí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus trasnáisiúnta na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí áitiúla na sochaí sibhialta ag an mbunleibhéal, a chistiú trí dheontais oibriúcháin ilbhliantúla, trí fhodheontais (tacaíocht airgeadais le haghaidh tríú páirtithe) agus trí fhorálacha lena n-áirithítear nósanna imeachta tapa agus solúbtha maidir le deontais a bhronnadh, amhail nós imeachta iarratais dhá chéim, feidhmchláir atá éasca lena n-úsáid agus nósanna imeachta tuairiscithe, ba cheart na rialacha sin a fheidhmiú agus a neartú tuilleadh mar chuid de chur chun feidhme an Chláir.***

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(24) Maidir leis na cineálacha cistiúcháin agus na modhanna cur chun feidhme atá le húsáid faoin Rialachán seo, is ar bhonn a gcumas cuspóirí sonracha na ngníomhaíochtaí a bhaint amach agus torthaí a thabhairt ba cheart iad a roghnú, lena n-áirítear, go háirithe, costas na rialuithe, an t-ualach riaracháin, agus an riosca neamh-chomhlíontachta a mheastar a bheith ann. Chuige sin ba cheart cuimhneamh ar úsáid a bhaint as cnapshuimeanna, as rátaí comhréidhe agus costais aonaid, **agus** as maoiniú nach mbaineann le costais, rud dá dtagraítear in Airteagal 125(1) den Rialachán Airgeadais. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 833/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁰, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95 ón gComhairle²¹, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle²² agus Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle²³, déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear trí neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 833/2013 agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a chinneadh ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I

Leasú

(24) Maidir leis na cineálacha cistiúcháin agus na modhanna cur chun feidhme atá le húsáid faoin Rialachán seo, is ar bhonn a gcumas cuspóirí sonracha na ngníomhaíochtaí a bhaint amach agus torthaí a thabhairt ba cheart iad a roghnú, lena n-áirítear, go háirithe, costas na rialuithe, an t-ualach riaracháin, **méid agus acmhainn na ngeallsealbhóirí ábhartha agus na dtairbhíthe spriocdhíríthe**, agus an riosca neamh-chomhlíontachta a mheastar a bheith ann. Chuige sin ba cheart cuimhneamh ar úsáid a bhaint as cnapshuimeanna, as rátaí comhréidhe, as costais aonaid **agus as fodheontais**, mar aon le **critéir chomhchistiúcháin lena gcuirtear san áireamh obair dheonach agus** maoiniú nach mbaineann le costais dá dtagraítear in Airteagal 125(1) den Rialachán Airgeadais. **Ba cheart glacadh le ceanglais chomhchistiúcháin chomhchineáil agus féadfar iad a tharscaoileadh i gcásanna ina bhfuil an cistiú comhlántach teoranta.** I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 833/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁰, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95 ón gComhairle²¹, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle²² agus Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle²³, déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear trí neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom)

gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) calaois agus ciontaí coiriúla eile a fhiosrú a mbíonn éifeacht acu ar leas airgeadais an Aontais mar a fhoráiltear dó i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁴. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) agus ní mór dó a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha.

Uimh. 833/2013 agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a chinneadh ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) calaois agus ciontaí coiriúla eile a fhiosrú a mbíonn éifeacht acu ar leas airgeadais an Aontais mar a fhoráiltear dó i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁴. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) agus ní mór dó a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha.

²⁰ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

²¹ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 an 18 Nollaig 1995 ón gComhairle maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch. 1).

²² Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún

²⁰ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

²¹ Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 an 18 Nollaig 1995 ón gComhairle maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch. 1).

²² Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún

chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint in aghaidh na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

²³ Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

²⁴ Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint in aghaidh na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

²³ Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

²⁴ Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(25) Féadfaidh tríú tíortha atá ina mbaill den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) páirt a ghlacadh i gcláir an Aontais faoi chuimsiú an chomhair a bunaíodh faoin gcomhaontú LEE, lena ndéantar foráil maidir le cur chun feidhme na gclár trí chinneadh faoin gcomhaontú sin. Féadfaidh tríú tíortha a bheith rannpháirteach freisin, ar bhonn ionstraimí dlí eile. Ba cheart sainfhoráil a thabhairt isteach leis an Rialachán seo chun na cearta agus an rochtain is gá a dheonú don oifigeach údarúcháin atá freagrach, don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) chomh maith le Cúirt Iniúcháirí na hEorpa chun a n-inniúlachtaí faoi seach a chur i gcrích go cuimsitheach.

Leasú

(25) ***Maidir le cur chun feidhme na gcuspóirí sonracha ó thaobh comhionannas inscne agus cearta comhionannais a chur chun cinn, rannpháirtíocht na saoránach i saol daonlathach an Aontais a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus trasnáisiúnta agus foréigean a chomhrac***, féadfaidh tríú tíortha ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a bheith páirteach i gcláir de chuid an Aontais faoi chuimsiú an chomhair arna bhunú faoi chomhaontú LEE, ina ndéantar foráil maidir le cur chun feidhme na gclár le cinneadh faoin gcomhaontú sin. Féadfaidh tríú tíortha a bheith rannpháirteach freisin, ar bhonn ionstraimí dlí eile. Ba cheart sainfhoráil a thabhairt isteach leis an Rialachán seo chun na cearta agus an rochtain is gá a dheonú don oifigeach údarúcháin atá freagrach, don Oifig

Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) chomh maith le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa chun a n-inniúlachtaí faoi seach a chur i gcrích go cuimsitheach.

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 26 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(26 a) Maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le buiséad an Aontais a chosaint i gcás easnaimh ghinearálaithe i ndáil leis an smacht reachta sna Ballstáit, is é is aidhm leis ná a chur ar chumas an Aontais cosaint níos fearr a thabhairt dá bhuiséad nuair a chuireann laigí sa smacht reachta isteach ar bhainistiú fóna airgeadais nó ar leasa airgeadais an Aontais nó nuair a bhíonn bagairt ann go dtarlódh amhlaidh. Ba cheart go gcuirfeadh sé leis an gClár um Chearta agus Luachanna ag a bhfuil ról difriúil, mar atá beartais a chistiú i gcomhréir le cearta bunúsacha agus luachanna Eorpacha, a bhfuil saol na ndaoine agus rannpháirtíocht ina chroílár.

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(27) De bhun [De bhun Airteagal 94 de

(27) De bhun [tagairt le nuashonrú de réir

Chinneadh 2013/755/AE] ón gComhairle²⁵, tá daoine agus eintitis atá lonnaithe i dtíortha agus críocha thar lear incháilithe do chistiú faoi réir rialacha agus cuspóirí an Chláir agus na socruithe féideartha is infheidhme maidir leis an mBallstát lena mbaineann an tír nó an chríoch ábhartha thar lear.

²⁵ Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir le comhlachas na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an Aontas Eorpach (an Cinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear) (IO L 344, 19.12.2013, lch. 1).

mar is iomchuí de réir cinneadh nua maidir le OCTanna: Airteagal 94 de Chinneadh 2013/755/AE] ón gComhairle²⁵, tá daoine agus eintitis atá lonnaithe i dtíortha agus críocha thar lear (OCTanna) incháilithe do chistiú faoi réir rialacha agus cuspóirí an Chláir agus na socruithe féideartha is infheidhme maidir leis an mBallstát lena mbaineann an tír nó an chríoch ábhartha thar lear. ***Ba cheart na srianta a eascraíonn as iargúlacht OCTanna a chur san áireamh agus an Clár á chur chun feidhme, agus déanfar faireachán agus meastóireacht ar bhonn rialta ar a rannpháirtíocht éifeachtach sa Chlár.***

²⁵ Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir le comhlachas na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an Aontas Eorpach (an Cinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear) (IO L 344, 19.12.2013, lch. 1).

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(28) Tá tábhacht ag baint le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir leis na gealltanais atá tugtha ag an Aontas Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, agus léiriú air sin is ea é go rannchuideoidh an Clár seo le príomhshruthú i mbeartais an Aontais na ngníomhaíochtaí a dhéantar ar son na haeráide agus le baint amach na sprice arb é atá inti 25 % de caiteachas bhuiséad an Aontais a bheith ag tacú le

Leasú

(28) Tá tábhacht ag baint le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir leis na gealltanais atá tugtha ag an Aontas Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, agus léiriú air sin is ea é go rannchuideoidh an Ciste seo le bearta ar son na haeráide a phríomhshruthú agus chun sprioc fhoriomlán 25% ar a laghad de chaiteachais bhuiséadacha an Aontais a ghnóthú maidir le tacú le cuspóirí na

cuspoirí aeráide. Sainaithneofar gníomhaíochtaí ábhartha le linn ullmhú agus chur chun feidhme an Chláir, agus déanfar athmheasúnú ar na gníomhaíochtaí sin mar chuid den mheastóireacht mheántearma ar an gclár.

haeráide ***thar thréimhse CAI 2021-2027 agus sprioc bhliantúil 30% a luaithe is féidir agus faoi 2027 ar a dhéanaí.*** Sainaithneofar gníomhaíochtaí ábhartha le linn ullmhú agus chur chun feidhme an Chláir, agus déanfar athmheasúnú ar na gníomhaíochtaí sin mar chuid den mheastóireacht mheántearma ar an gclár.

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(29) De bhun mhír 22 agus mhír 23 den chomhaontú Idirinstitiúideach do Reachtóireacht Níos Fearr dar dáta an 13 Aibreán 2016, ní mór an Clár seo a mheas ar bhonn na faisnéise a bhailítear trí cheanglais shonracha faireacháin, agus rórialáil agus ualaí riaracháin á seachaint, go háirithe i leith na mBallstát. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh táscairí intomhaiste a bheith ar áireamh sna ceanglais sin, chun éifeachtaí an Chláir ar an talamh a mheas.

Leasú

(29) De bhun mhír 22 agus mhír 23 de Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016, tá gá leis an gClár seo a mheas ar bhonn na faisnéise a bhailítear trí cheanglais shonracha faireacháin, agus rórialáil agus ualaí riaracháin á seachaint, go háirithe i leith na mBallstát. ***Sa chomhthéacs sin, is iad eagraíochtaí na sochaí sibhialta, údaráis phoiblí áitiúla, comhpháirtithe sóisialta, etc. samplaí d'iarratasóirí agus de thairbhíthe a mb'fhéidir nach mbeadh na hacmhainní leordhóthanacha agus foireann leordhóthanach acu chun na ceanglais faireacháin agus tuairiscithe a chomhlíonadh.*** I gcás inarb iomchuí, féadfaidh táscairí intomhaiste a bheith ar áireamh sna ceanglais sin, chun éifeachtaí an Chláir ar an talamh a mheas.

43

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 30

(30) D'fhone ***coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an*** Rialacháin seo, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir le táscairí mar atá leagtha amach in ***Airteagal 14 agus Airteagal 16*** agus in Iarscríbhinn II. Tá sé tábhachtach, go háirithe, don Choimisiún dul i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus na comhairliúcháin sin a dhéanamh i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(30) Chun an Rialachán seo a ***a fhorlíonadh d'fhone an Clár a chur i gcrích agus measúnú éifeachtach ar an dul chun cinn atá déanta i dtaca le gnóthú chuspóirí an Chláir a áirithiú***, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir le ***clár oibre de bhun Airteagal 13 agus*** táscairí mar atá leagtha amach in ***Airteagal 14 agus Airteagal 16*** agus in Iarscríbhinn II. Tá sé tábhachtach, go háirithe, don Choimisiún dul i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus na comhairliúcháin sin a dhéanamh i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

Leasú 44

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 31**

(31) ***Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na***

scriosta

cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁶.

²⁶ *Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13)*

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Bunaítear leis an Rialachán an Clár um Chearta agus Luachanna ('an Clár').

Leasú

Bunaítear leis an Rialachán an Clár um Chearta, **Saoránaigh, Comhionannas** agus Luachanna ('an Clár').

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 1 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leagtar síos leis cuspóirí an Chláir, an buiséad don tréimhse 2021-2027, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na **rialacha** a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar.

Leasú

Leagtar síos leis cuspóirí **agus raon feidhme** an Chláir, an buiséad don tréimhse 2021-2027, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na **coinníollacha** a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar.

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Is é cuspóir ginearálta an Chláir cearta agus luachanna a chosaint mar a chuimsítear i gConarthaí *AE*, lena n-áirítear trí thacú le heagraíochtaí sochaí sibhialta, chun sochaithe *oscailte*, daonlathacha agus uilechuimsitheacha a chothú.

Leasú

1. Is é cuspóir ginearálta an Chláir cearta agus luachanna a chosaint mar a chuimsítear sna Conarthaí, lena n-áirítear *an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, go háirithe* trí thacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta *agus a n-acmhainneacht a fhorbairt ar an leibhéal áitiúil, an leibhéal réigiúnach, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal trasnáisiúnta, go háirithe ar an mbunleibhéal, agus trí rannpháirtíocht shibhialta agus dhaonlathach a spreagadh*, chun sochaithe atá *oscailte, bunaithe ar chearta*, daonlathach, *comhionann* agus cuimsitheach a chothú agus *a fhorbairt tuilleadh*.

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2 – pointe -a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(-a) cearta bunúsacha, an daonlathas agus an smacht reachta a chosaint agus a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil, an leibhéal réigiúnach, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal trasnáisiúnta (sraith luachanna an Aontais);

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

- (a) comhionannas **agus** cearta a chur chun cinn (an tsraith Comhionannas **agus** Cearta)

Leasú

- (a) comhionannas, **lena n-áirítear comhionannas inscne**, cearta, **neamh-idirdhealú agus príomhshruthú inscne a chur chun cinn** (an tsraith Cearta, **Cearta agus Comhionannas Inscne**),

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

- (b) rannpháirtíocht na **saoránach** i saol daonlathach an Aontais a chur chun cinn (an tsraith **Ról agus Rannpháirtíocht na Saoránach**),

Leasú

- (b) **feasacht na saoránach, go háirithe feasacht na ndaoine óga, a ardú maidir le tábhacht an Aontais trí ghníomhaíochtaí dírithe ar chuimhneacháin ar eachtraí stairiúla lenar cruthaíodh é, agus an daonlathas, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, an t-iolrachas, rannpháirtíocht shibhialta mar aon le teacht le chéile na saoránach agus a rannpháirtíocht ghníomhach** i saol daonlathach an Aontais (an tsraith **Shaoránachta Gníomhaí**);

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) foréigean a chomhrac (an tsraith Daphne).

Leasú

(c) *foréigean lena n-áirítear foréigean bunaithe ar inscne* a chomhrac (an tsraith Daphne).

Leasú 52

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 2 a

Sraith luachanna an Aontais

Laistigh den chuspóir ginearálta a leagtar amach in Airteagal 2(1) agus laistigh den chuspóir sonrach a leagtar amach i bpointe (-a) d’Airteagal 2(2), beidh an Clár dírithe ar an méid seo a leanas:

(a) an daonlathas agus an smacht reachta a chosaint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear trí thacú le gníomhaíochtaí na sochaí sibhialta lena gcuirtear chun cinn neamhspleáchas na mbreithiúna agus cosaint éifeachtach bhreithiúnach ó chúirteanna neamhspleácha, cosaint na gceart bunúsach san áireamh; tacaíocht a sholáthar do chosantóirí neamhspleácha chearta an duine agus d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta a dhéanann faireachán ar chomhlíonadh an smachta reachta, do chosaint sceithirí agus do thionscnaimh lena gcuirtear chun cinn cultúr roinnte na trédhearcachta, dea-rialachas agus an comhrac i gcoinne an éillithe;

(b) tógáil Aontais níos daonlathaí a chur chun cinn mar aon le feasacht maidir le cearta agus luachanna a chuimsítear sna Chonarthaí a spreagadh agus a chosaint trí thacaíocht airgeadais

a sholáthar d’eagraíochtaí neamhspleácha na sochaí sibhialta a chuireann na cearta sin chun cinn agus a chosnaíonn na cearta sin ar an leibhéal áitiúil, an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus an leibhéal trasnáisiúnta, agus, dá réir sin, timpeallacht a chruthú lena gcumasófar idirphlé daonlathach agus lena dtreisítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, an tsaoirse comhthionóil shíochánta nó chun comhlachais, saoirse agus iolrachas na meán, agus an tsaoirse acadúil.

Leasú 53

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – teideal**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

An tsraith Comhionannas agus Cearta

Leasú

An tsraith Comhionannas, **Cearta agus Cearta Inscne**

Leasú 54

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Laistigh den chuspóir sonrach atá leagtha amach i bpointe (a) d’Airteagal 2.(2), díreoidh an Clár ar:

Leasú

Laistigh den chuspóir ginearálta a leagtar amach in Airteagal 2(1) agus laistigh den chuspóir sonrach a leagtar amach i bpointe (a) d’Airteagal 2(2), beidh an Clár dírithe ar an méid seo a leanas:

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) neamh-chomhionannas agus leithcheal ar fhorais inscne, cine nó tionscnaimh eitnigh, reiligiúin nó creidimh, míchumais, aoise nó gnéaschlaonta a chomhrac, agus tacú le beartais chuimsitheacha maidir le comhionannas **inscne** agus frith-leithcheal agus a bpríomhshruthú a chur chun cinn chomh maith le beartais darb aidhm ciníochas agus gach cineál éadulaingte a chomhrac.

Leasú

(a) **comhionannas a chur chun cinn agus** neamh-chomhionannas agus idirdhealú ar fhorais maidir le hinscne, cine nó tionscnaimh eitnigh nó **sóisialta, dath, tréithe géiniteacha, teanga**, reiligiún nó creideamh, **tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith**, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh **nó aon fhorais eile** a chosc agus chomhrac, agus tacú le beartais chuimsitheacha maidir le comhionannas inscne agus frith-idirdhealú agus a bpríomhshruthú a chur chun cinn chomh maith **le** beartais darb aidhm ciníochas agus gach cineál éadulaingte a chomhrac, **ar líne agus as líne araon**;

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a a) **tacaíocht a thabhairt do bheartais chuimsitheacha agus do chláir chun cearta na mban, comhionannas inscne, cumhachtú na mban agus príomhshruthú inscne a chur chun cinn**;

Leasú

Leasú 57

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – teideal**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

An tsraith ***Ról agus Rannpháirtíocht na Saoránach***

Leasú

An tsraith ***Shaoránachta Gníomhaí***

Leasú 58

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Laistigh den chuspóir sonrach atá leagtha amach i bpointe (b) d’Airteagal 2(2), ***díreoidh an Clár ar:***

Leasú

Laistigh den chuspóir sonrach atá leagtha amach i bpointe (a) d’Airteagal 2.(2), ***saothróidh an Clár na cuspóirí seo a leanas:***

Leasú 59

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) cur le tuiscint saoránach ar an Aontas, a stair, a oidhreacht agus éagsúlacht chultúrtha;

Leasú

(a) ***tacaíocht a thabhairt do thionscadail a chuir saoránaigh ar aghaidh, le béim ar leith ar dhaoine óga, atá dírithe ar daoine a spreagadh chun cuimhneamh ar na himeachtaí a tharlá sular bunaíodh an Aontas, ar imeachtaí iad a thóg croílár a chuimhne stairiúil, ach chun níos mó a fhoghlaim freisin faoina stair chomhroinnte, a gcultúr agus luachanna agus chun tuiscint a fháil ar shaibhreas a n-oidhreacht coitinne cultúrtha agus saibhreas a n-éagsúlachta teanga, rudaí atá ina mbunús do***

*thodhchaí chomhchoiteann; tuiscint na saoránach ar an Aontas a **chothú**, a bhunús, a “raison d’être” agus a bhfuil bainte amach aige agus feasacht na saoránach a ardú maidir le dúshláin an Aontas faoi láthair agus amach anseo, agus tábhacht na tuisceana frithpháirtí agus an ollsmachtachais fhrithpháirtigh, atá ag croílár thionscadal na hEorpa;*

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(aa) tacaíocht a thabhairt do mhalartuithe dea-chleachtais maidir le hoideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil i dtaca le saoránacht na hEorpa agus na malurtuithe sin a chur chun cinn;

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

*(b) **malartú** agus comhar idir saoránaigh tíortha éagsúla a chur chun cinn; **rannpháirtíocht sibhialta agus dhaonlathach** saoránach a chur chun cinn, rud a tugann deis do shaoránaigh agus do chomhlachais ionadaíocha a dtuairimí a thabhairt le fios agus iad a mhalartú go poiblí i ngach réimse de ghníomhaíocht an Aontais;*

*(b) **idirphlé poiblí** a chur chun cinn **trí bhailte a nascadh le chéile, trí theacht le chéile na saoránach, go háirithe daoine óga agus trí chomhar idir bardais, pobail áitiúla agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta** ó thíortha éagsúla, **chun an deis a thabhairt dóibh taithí phraiticiúil dhíreach a fháil maidir le saibhreas na héagsúlachta cultúrtha agus chun rannpháirtíocht na saoránach sa tsochaí a ardú.***

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(ba) rannpháirtíocht shibhialta i saol daonlathach an Aontais a spreagadh agus a fheabhsú ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal trasnáisiúnta; an deis a thabhairt do shaoránaigh agus do chomhlachais idirphlé idirchultúrtha a chur chun cinn agus díospóireachtaí poiblí cuí ar gach réimse de ghníomhaíocht an Aontais, agus ar an dóigh sin, rannchuidiú le clár polaitiúil an Aontais a mhúnlú; tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh chomhpháirteach eagraithe i bhfoirm chomhlachais na saoránach agus líonraí na n-eintiteas dlíthiúil chun na cuspóirí a leagtar amach sna míreanna roimhe seo a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí;

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Laistigh den chuspóir sonrach atá leagtha amach i bpointe (c) d’Airteagal 2.(2), díreoidh an Clár ar:

Laistigh den chuspóir ginearálta a leagtar amach in Airteagal 2(1) agus laistigh den chuspóir sonrach a leagtar amach i bpointe (c) d’Airteagal 2(2), beidh an Clár dírithe ar an méid seo a leanas:

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe -a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(-a) gach cineál foréigin i gcoinne na mban atá bunaithe ar inscne a chosc agus a chomhrac agus cur chun cinn a dhéanamh ar chur chun feidhme iomlán Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) ar gach leibhéal; agus

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(a) gach cineál foréigin in aghaidh leanaí, daoine óga **agus ban** a chomhrac, chomh maith le foréigean in aghaidh grúpaí eile atá i mbaol;

(a) gach cineál foréigin i gcoinne leanaí, daoine óga a chosc agus a chomhrac, chomh maith le foréigean i gcoinne grúpaí eile atá i mbaol, **amhail daoine LGBTQI, daoine faoi mhíchumas, mionlaigh, daoine scothaosta agus imircigh agus dídeanaithe;**

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(b) tacú le híospartaigh foréigin den sórt

(b) tacú le híospartaigh foréigin den sórt sin agus iad a chosaint, **lena n-áirítear trí**

sin agus iad a chosaint.

thacú le gníomhaíochtaí eagraíochtaí na sochaí sibhialta a éascaíonn agus a áirithíonn rochtain ar cheartas, rochtain ar sheirbhísí tacaíochta d'íospartaigh agus rochtain ar thuairisciú sábháilte póilíní do gach íospartach foréigin agus a áirithiú go bhfuil an leibhéal céanna cosanta ann ar fud an Aontais d'íospartaigh foréigin inscne.

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Is é EUR [641 705 000] i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chláir don tréimhse 2021 – 2027.

Leasú

1. Is é EUR [1 627 000 000] i **bpraghsanna 2018 [EUR 1 834 000 000]** i bpraghsanna reatha/ a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chláir don tréimhse 2021 – 2027.

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 – pointe -a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(-a) EUR [754 062 000 i bpraghsanna 2018] [EUR 850 000 000 i bpraghsanna reatha] (i.e. 46.34% den imchlúdach airgeadais iomlán) le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear i bpointe (-a) d'Airteagal 2(2);

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) EUR [408.705.000] le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 2(2)(a) agus 2(2)(c);

Leasú

(a) EUR [429 372 000 i bpraghsanna 2018] [EUR 484 000 000 i bpraghsanna reatha] (i.e. 26.39% den imchlúdach airgeadais iomlán) le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear i **bpointe (a) agus i bpointe (c) d' Airteagal 2(2)**;

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) EUR [233.000.000] le haghaidh an **chuspóra** shonraigh dá dtagraítear in Airteagal 2(2)(b);

Leasú

(b) EUR [443 566 000 i bpraghsanna 2018] [EUR 500 000 000 i bpraghsanna reatha] (i.e. 27.26% den imchlúdach airgeadais iomlán) le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear i **bpointe (b) d' Airteagal 2(2)**;

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Déanfaidh an Coimisiún 50% ar a laghad de na méideanna dá dtagraítear i bpointe

(-a) agus i bpointe (a) den chéad fhomhír sa mhír seo a leithdháileadh chun tacú le gníomhaíochtaí a chuireann eagraíochtaí na sochaí sibhialta i gcrích, agus déanfaidh sé 65% den mhéid sin a leithdháileadh ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

Ní imeoidh an Coimisiún ó na céatadáin leithdháilte den imchlúdach airgeadais, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I(-a), thar breis agus 5 phointe. Más gá an teorainn sin a shárú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun Iarscríbhinn I(-a) a leasú trí idir cúig phointe agus deich bpointe céatadáin de chéatadáin leithdháilte chistí an Chláir a mhodhnú.

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 6 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

5. Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoin mbainistíocht chomhroinnte a aistriú chuig an gClár, má iarrann na Ballstáit sin. Déanfaidh an Coimisiún na hacmhainní sin a chur chun feidhme go díreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1)(a) den Rialachán Airgeadais **nó go hindíreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1)(c)**. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit **lena mbaineann** a dhéanamh i gcás inar féidir é.

Leasú

5. Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoin mbainistíocht chomhroinnte a aistriú chuig an gClár, má **iarrann** na Ballstáit nó **an Coimisiún** sin. Déanfaidh an Coimisiún na hacmhainní sin a chur chun feidhme go díreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1)(a) den Rialachán Airgeadais. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann a dhéanamh, i gcás inar féidir é.

Leasú 73

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 6 a

Sásra um Thacaíocht Luachanna

- 1. I gcásanna eisceachtúla, i gcás ina bhfuil meath tromchúiseach agus tapa i mBallstát maidir le comhlíonadh luachanna an Aontais a chuimsítear in Airteagal 2 CAE, agus mar gheall air sin tá baol ann nach mbeidh na luachanna sin cosanta nó curtha chun cinn go leordhóthanach, féadfaidh an Coimisiún glao ar thograí a oscailt i bhfoirm nós imeachta mear le haghaidh iarratais ar dheontais d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, d'fhonn tacú leis an idirphlé daonlathach sa Bhallstát i gceist agus chun é a éascú agus a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb maidir le comhlíonadh neamhleor na luachanna a chuimsítear in Airteagal 2 CAE.***
- 2. Cuirfidh an Coimisiún suas le 5% de na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 6(2) ar leataobh don sásra um thacaíocht luachanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. Ag deireadh gach bliana buiséadaí, déanfaidh an Coimisiún aon chistí nár gealladh faoin sásra sin a aistriú chun tacú le gníomhaíochtaí eile a thagann faoi raon feidhme an Chláir.***
- 3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun an sásra um thacaíocht luachanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a thionscnamh. Beidh gníomhachtú an sásra bunaithe ar fhaireachán agus ar mheastóireacht chuimsitheach agus fianaise-bunaithe ar an staid i ngach Ballstát maidir leis an daonlathas, an smacht reachta agus na cearta bunúsacha.***

Leasú 74

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Cuirfear an Clár chun feidhme tríd an mbainistíocht dhíreach i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais nó tríd an mbainistíocht indíreach le comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal **61(1)(c)** den Rialachán Airgeadais.

Leasú

1. Cuirfear an Clár chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais nó faoi bhainistíocht indíreach le comhlachtaí dá dtagraítear i ***bpointe (c) d' Airteagal 62(1)*** den Rialachán Airgeadais.

Leasú 75

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Féadfaidh an Clár cistiú a sholáthar ar cheann de na bealaí a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais.

Leasú

2. Féadfaidh an Clár cistiú a sholáthar ar cheann de na bealaí a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais, ***go háirithe trí dheontais ghníomhaíochta mar aon le deontais oibriúcháin bhliantúla agus ilbhliantúla. Beidh an cistiú sin curtha chun feidhme ar bhealach lena n-áirítheofar bainistíocht fhóna airgeadais,***

úsáid stuama na gcistí poiblí, leibhéil níos ísle d'ualach riaracháin d'oibreoir an Chláir agus do na tairbheoirí chomh maith le rochtain ag tairbhíthe féideartha ar chistí an Chláir. Féadfar cnapshuimeanna, costais aonaid, rátaí comhréidhe agus fodheontais (tacaíocht airgeadais le haghaidh tríú páirtithe) a úsáid. Glacfar le comhchistiúcháin chomhchineáil agus féadfar iad a tharscaoileadh sna cásanna ina bhfuil cistiú comhlántach teoranta.

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le cuspóir a shroicheadh a shonraítear in Airteagal 2, féadfaidh siad cistiú a fháil faoin Rialachán seo. Go háirithe, beidh gníomhaíochtaí atá liostaithe in **Iarscríbhinn I** incháilithe le haghaidh cistiúcháin.

Leasú

1. Gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le cuspóir **ginearálta nó** sonrach a bhaint amach a shonraítear in Airteagal 2, féadfaidh siad cistiú a fháil faoin Rialachán seo. Go háirithe, gníomhaíochtaí a liostaítear in **Airteagal 9 a** (beidh siad incháilithe le haghaidh cistiúcháin).

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2. *I gcomhréir le hAirteagal 11(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cuirfidh an Coimisiún ‘Grúpa um Idirphlé Sibhialta’ ar bun arb é is aidhm dó idirphlé rialta, oscailte agus trédhearcach*

a áirithiú le tairbhithe an Chláir agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chun taithí agus dea-chleachtais a mhalartú agus chun forbairtí beartais laistigh de réimsí na gcuspóirí a chuimsíonn an Chláir agus réimsí gaolmhara a phlé.

Leasú 78

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 9 a

**Gníomhaíochtaí atá incháilithe le
haghaidh cistiúcháin**

Cuspóirí ginearálta agus sonracha an Chláir atá leagtha amach in Airteagal 2, déanfar iad go háirithe, ach ní go heisiach, trí thacú leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- (a) feasacht a ardú, oideachas poiblí, cur chun cinn agus scaipeadh faisnéise chun feabhas a chur ar eolas faoi na beartais, na prionsabail agus na cearta sna réimsí arna gcumhdach leis an gClár;*
- (b) foghlaim fhrithpháirteach trí dheachleachtais a mhalartú i measc páirtithe leasmhara chun eolas agus tuiscint fhrithpháirteach agus rannpháirtíocht shibhialta agus dhaonlathach a fheabhsú;*
- (c) gníomhaíochtaí faireacháin, gníomhaíochtaí tuairiscithe agus abhcóideachta chun feabhas a chur ar an tuiscint ar an staid sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais sna réimsí a chumhdaítear leis an gClár agus chun feabhas a chur ar thrasuí cuí agus ar chur chun feidhme dhlí an Aontais, ar bheartais agus ar chomhluachanna an*

Aontais laistigh de na Ballstáit; áireofar ar ghníomhaíochtaí den sórt sin bailiú sonraí agus staidrimh mar shampla; modheolaíochtaí comhchoiteanna agus, de réir mar is cuí, táscairí nó tagarmharcanna a fhorbairt; staidéir, taighde, anailísí agus suirbhéanna; meastóireachtaí; measúnú tionchair; ullmhú agus foilsiú treoirleabhar, tuarascálacha agus ábhair oideachais.

(d) oiliúint a chur ar gheallsealbhóirí ábhartha chun feabhas a chur ar a gcuid eolais ar na beartais agus ar na cearta sna réimsí arna gcumhdach faoin gClár agus neartú a dhéanamh ar neamhspleáchas na ngeallsealbhóirí ábhartha agus a gcumas chun tacú leis na beartais agus leis na cearta sna réimsí arna gcumhdach faoin gClár, lena n-áirítear trí dhlíthíocht straitéiseach;

(e) feacht agus tuiscint i measc an phobail a chur chun cinn maidir leis na rioscaí, na rialacha, na coimircí agus na cearta a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta, le príobháideacht, agus le slándáil dhigiteach;

(f) feacht na saoránach a neartú maidir le bunluachanna Eorpacha agus a ngealltanais maidir leis an gceartas, an comhionannas, an smacht reacht chomh maith lena gcearta agus a n-oibleagáidí a eascraíonn as saoránacht an Aontais, amháil an ceart chun taisteal, an ceart chun obair a dhéanamh, an ceart chun staidéir agus an ceart chun cónaí i mBallstát eile, trí fheachtais faisnéise agus trí thuiscint fhrithphairteach, idirphlé idirchultúrtha agus meas ar an éagsúlacht laistigh den Aontas a chur chun cinn.

(g) feacht i measc saoránach, go háirithe i measc daoine óga, a neartú maidir le cultúr na hEorpa, oidhreacht, féiniúlacht, stair agus cuimhneachán cultúrtha, agus a mothú muintearais san Aontas a threisiú, go háirithe trí thionscnaimh lena machnaítear ar chúiseanna réimis an ollsmachtachais i nua-stair na hEorpa agus chun

íospartaigh na gcoireanna sin a chomóradh mar aon leis na éagóracha a rinneadh agus gníomhaíochtaí a bhaineann le himeachtaí cinniúnacha eile i nua-stair na hEorpa;

(h) saoránaigh ar de bhunadh náisiúin agus cultúir éagsúla iad a thabhairt le chéile trí dheis a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí nasctha bailte agus i dtionscadail na sochaí sibhialta ar mhionscála, agus dá bhrí sin cruthaítear coinníollacha le haghaidh cur chuige ó bhun aníos níos láidre.

(i) rannpháirtíocht ghníomhach agus chuimsitheach a spreagadh agus a éascú, le haird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí imeallaithe na sochaí, i dtógáil Aontais níos daonlathaí, chomh maith le feasacht a ardú agus cearta bunúsacha, cearta agus luachanna a chur chun cinn agus a chosaint trí thacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a chumhdaítear leis an gClár ar gach leibhéal, mar aon le hacmhainn eagraíochtaí Eorpacha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a fhorbairt chun rannchuidiú le forbairt, le múscailt feasachta agus le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme dhlí an Aontais, spriocanna beartais, luachanna agus straitéisí;

(j) maoiniú don tacaíocht theicniúil agus eagrúcháin chun Rialachán [(AE) Uimh. 211/2011] a chur chun feidhme, ionas go gcuirtear bonn faoi fheidhmiú a gceart ag saoránaigh chun tionscnaimh Eorpacha ó shaoránaigh a sheoladh agus tacú leo;

(k) feabhas a chur ar an eolas maidir leis an gClár chomh maith le scaipeadh agus inaistritheacht thorthaí an Chláir trí obair for-rochtana i ndáil le saoránaigh agus leis an tsochaí sibhialta a chothú, lena n-áirítear trí phointí teagmhála neamhspleácha um an gClár a chur ar bhun agus tacaíocht a thabhairt dóibh;

(l) neartú a dhéanamh ar chumas agus ar neamhspleáchas lucht cosantóirí chearta

an duine agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a dhéanann faireachán ar staid an smachta reachta agus tacaíocht a thabhairt do bhearta ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal trasnáisiúnta;

(m) tacú le cosaint sceithirí, lena n-áirítear tionscnaimh agus bearta chun bealaí sábháilte a bhunú chun tuairisciú a dhéanamh laistigh d'eagraíochtaí agus chuig údaráis phoiblí nó chuig comhlachtaí ábhartha eile, chomh maith le bearta chun sceithirí a chosaint ar dhífhostú, ar ísliú céime nó ar chinedálacha eile frithbheartaíochta, lena n-áirítear trí fhaisnéis agus oiliúint a chur ar fáil d'údaráis phoiblí agus do gheallsealbhóirí ábhartha;

(n) tacú le tionscnaimh agus bearta chun saoirse agus iolrachas na meán a chur chun cinn agus a chosaint agus acmhainn a fhorbairt do na dúshlán nua, amhail na meáin nua, agus an fhuathchaint chomh maith le mífhaisnéis spriocdhírthe a chomhrac trí fheasacht a ardú, oiliúint, staidéir agus gníomhaíochtaí faireacháin;

(o) tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach i dtaca le sláine, trédhearcacht agus cuntasacht an riaracháin phoiblí agus na n-údarás poiblí a chur chun cinn agus/nó faireachán a dhéanamh orthu agus in éillíú a chomhrac,

(p) tacú le heagraíochtaí a chabhraíonn le híospartaigh an fhoréigín agus daoine faoi bhagairt a chosaint agus a chuireann áit chónaithe ar fáil dó, lena n-áirítear i ndídean do mhná.

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Tabharfar agus bainisteofar deontais faoin gClár i gcomhréir le Teideal VIII den Rialachán Airgeadais.

Leasú

1. Déanfar deontais faoin gClár a dhámhachtain agus a bhainistiú i gcomhréir le Teideal VIII den Rialachán Airgeadais ***agus áireofar orthu deontais ghníomhaíochta, deontais oibriúcháin ilbhliantúla agus fodheontais.***

Leasú 80

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Féadfaidh an coiste meastóireachta a bheith comhdhéanta de shaineolaithe seachtracha.

Leasú

2. Féadfaidh an coiste meastóireachta a bheith comhdhéanta de shaineolaithe seachtracha. ***Déanfar cothromaíocht inscne a áirithiú le comhdhéanamh an choiste meastóireachta.***

Leasú 81

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Féadfaidh gníomhaíocht a fuair ranníocaíocht faoin gClár ranníocaíocht a fháil freisin ó aon chlár eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear Cistí faoi bhainistíocht chomhroinnte, ar choinníoll nach gcumhdaíonn na ranníocaíochtaí na costais chéanna, agus seachnaítear foinsiú dubailte Cistí trí fhoinsí an mhaoinithe a léiriú go soiléir do gach catagóir

Leasú

1. Féadfaidh gníomhaíocht a fuair ranníocaíocht faoin gClár ranníocaíocht a fháil freisin ó aon chlár eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear Cistí faoi bhainistíocht chomhroinnte, ar choinníoll nach gcumhdaíonn na ranníocaíochtaí na costais chéanna, ***agus seachnaítear foinsiú dubailte cistí trí fhoinsí an mhaoinithe a léiriú go soiléir do gach catagóir***

chaiteachais, i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais.

chaiteachais, i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais. [Ní rachaidh an cistiú carnach thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta agus féadfar an tacaíocht ó chlár éagsúla de chuid an Aontais a ríomh ar bhonn pro-rata].

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 2 – pointe a – fleasc 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

— Ballstát nó tír nó críoch thar lear atá bainteach leis *an mBallstát* sin;

Leasú

— Ballstát nó tír nó críoch thar lear atá bainteach le *Ballstát*;

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 2 – pointe a – fleasc 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

— tríú tír atá comhlachaithe leis an gClár;

Leasú

— *maidir le cuspóirí sonracha dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (c) d’Airteagal 2(2), tríú tír atá comhlachaithe leis an gClár i gcomhréir le hAirteagal 7 den Rialachán seo;*

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) aon eintiteas dlíthiúil a bunaíodh faoi dhlí an Aontais nó aon eagraíocht idirnáisiúnta;

Leasú

(b) aon eintiteas dlíthiúil *neamhbhrabúsach* a bunaíodh faoi dhlí an Aontais nó aon eagraíocht idirnáisiúnta;

Leasú 85

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 3**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Féadfar deontas oibriúcháin a dhámhachtain gan glao ar thograí do (EQUINET) Líonra Eorpach **na** gComhlachtaí Comhionannais chun caiteachas a bhaineann **lena** gclár oibre buan a íoc.

Leasú

3. Féadfar deontas oibriúcháin a dhámhachtain gan glao ar thograí do (EQUINET) Líonra Eorpach **na** gComhlachtaí Comhionannais, **faoi Airteagal 6(2)(a)**, chun caiteachas a bhaineann **lena** gclár oibre buan a íoc **ar choinníoll go bhfuil measúnú tionchair inscne curtha i gcrích maidir lena gclár oibre**.

Leasú 86

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – teideal**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Clár oibre

Leasú

Clár oibre **agus tosaíochtaí ilbhliantúla**

Leasú 87

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Is leis na cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 den Rialachán Airgeadais a chuirfear an Clár **chun feidhme**.

Leasú

1. Is leis na cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 den Rialachán Airgeadais a chuirfear an Clár **i gcrích**.

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1a. Cuirfidh an Coimisiún prionsabal na comhpháirtíochta i bhfeidhm nuair a bheidh a thosaíochtaí á gcinneadh aige faoin gClár agus déanfaidh sé foráil maidir le rannpháirtíocht chuimsitheach geallsealbhóirí i ndáil le pleanáil, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an gClár seo agus ar a chlár oibre i gcomhréir le hAirteagal 15a.

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2. Glacfaidh an Coimisiún an clár oibre trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 19.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd an gclár oibre iomchuí a bhunú.

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1. Leagtar amach in Iarscríbhinn II na táscairí a úsáidfear le tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn an Chláir maidir le baint amach na gcuspóirí sonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn 2.

1. Táscairí a úsáidfear chun tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn an chláir i dtreo bhaint amach na gcuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 2, *déanfar iad, i gcás inarb infheidhme, a bhailiú agus*

beidh siad imdhealaithe de réir inscne. Tá an liosta táscairí leagtha amach in Iarscríbhinn II.

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 14 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Leis an gcóras tuairiscithe feidhmíochta áiritheofar go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir, go mbaileofar iad ar dhóigh atá éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil. Chuige sin, forchuirfear ceanglais chomhréireacha tuairiscithe ar fhaighteoirí cistí ón Aontas agus ar na Ballstáit.

Leasú

3. Leis an gcóras tuairiscithe feidhmíochta áiritheofar go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir, go mbaileofar iad ar dhóigh atá éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil. Chuige sin, forchuirfear ceanglais chomhréireacha **is lú ualach** tuairiscithe ar fhaighteoirí cistí ón Aontas agus ar na Ballstáit. **Chun na ceanglais maidir le tuairisciú a éascú, déanfaidh an Coimisiún formáidí so-úsáidte a chur ar fáil agus cláir insealbhaithe agus tacaíochta a sholáthar go háirithe d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ar eagraíochtaí iad nach bhféadfadh an fios feasa agus dóthain acmhainní agus foirne a bheith acu i gcónaí chun riachtanais tuairiscithe a chomhlíonadh.**

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 15 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Déanfar meastóireachtaí go tráthúil sa dóigh agus go bhféadfar leas a bhaint astu sa phróiseas cinnteoireachta.

Leasú

1. Beidh na meastóireachtaí **íogair ó thaobh inscne de ina mbeidh figiúirí atá imdhealaithe ó thaobh na hinscne de ar fáil iontu agus beidh caibidil shonrach le**

haghaidh gach sráithe iontu agus líon na ndaoine ar a ndearnadh tionchar, a n-aiseolas, agus a gcumhdach geografach á gcur san áireamh, agus cuirfear i gcrích iad go tráthúil sa chaoi go bhféadfar leas a bhaint astu sa phróiseas cinnteoireachta.

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 15 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Déanfar meastóireacht eatramhach ar an gClár nuair a bheidh faisnéis leordhóthanach ar fáil ar chur chun feidhme an Chláir, ach tráth nach faide ná ceithre bliana ó thosach chur chun feidhme an Chláir. Sa mheastóireacht **mheántearma** cuirfear san áireamh torthaí na meastóireachtaí ar thionchar fadtéarmach na gclár réamhtheachtacha (Cearta, Comhionannas agus Saoránacht agus an Eoraip ar son na Saoránach).

Leasú

2. Déanfar meastóireacht eatramhach ar an gClár nuair a bheidh faisnéis leordhóthanach ar fáil ar chur chun feidhme an Chláir, ach tráth nach faide ná ceithre bliana ó thosach chur chun feidhme an Chláir. Sa mheastóireacht **eatramhach** cuirfear san áireamh torthaí na meastóireachtaí ar thionchar fadtéarmach na gclár réamhtheachtacha (Cearta, Comhionannas agus Saoránacht agus an Eoraip ar son na Saoránach). **Beidh meastóireacht eatramhach mar chuid den mheasúnú tionchair ar inscne chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá spriocanna um chomhionannas inscne an Chláir á ngnóthú, chun a áirithiú nach mbeidh tionchar diúltach ag aon ghné den Chlár ar chomhionannas inscne agus chun moltaí a shainaithint maidir le conas is féidir glaonna ar thograí amach anseo agus cinntí maidir le deontais oibriúcháin a fhorbairt chun ceisteanna comhionannais inscne a chur chun cinn.**

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 15 – mír 4

4. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na meastóireachtaí chomh maith lena bharúlacha féin in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún.

4. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na meastóireachtaí chomh maith lena bharúlacha féin in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún. ***Déanfaidh an Coimisiún an mheastóireacht a chur ar fáil don phobal agus déanfaidh sé inrochtana go héasca í trína foilsíú ar a shuíomh gréasáin.***

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 16 – mír 2

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagal*** 14 a thabhairt don Choimisiún go dtí an 31 Nollaig 2027.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagal 13 agus*** in Airteagal 14 a thabhairt don Choimisiún go dtí an 31 Nollaig 2027.

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 16 – mír 3

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in ***Airteagal*** 14 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsíú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in ***Airteagal 13 agus*** Airteagal 14 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsíú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá

Leasú 97

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 4**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach **an 13 Aibreán 2016** maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

Leasú

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr **an 13 Aibreán 2016. Déanfar cothromaíocht inscne a áirithiú i gcomhdhéanamh an ghrúpa saineolaithe a ndeachthas i gcomhairle leo. Déanfaidh an Coimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar na doiciméid uile, lena n-áirítear na dréachtghníomhartha, a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ag an am céanna le saineolaithe ó na Ballstáit ar bhealach tráthúil agus comhuaineach. I gcás ina measann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle gur gá sin, féadfaidh siad araon saineolaithe a chur chuig cruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú gníomhartha tarmligthe chuig a mbeidh cuireadh faighte ag saineolaithe ó na Ballstáit. Chuige sin, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an sceideal do na míonna atá le teacht agus na cuirí do na cruinnithe saineolaithe uile.**

Leasú 98

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 5**

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi. ***Bunaithe ar Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016, féadfaidh saoránaigh agus geallsealbhóirí eile tuairim a thabhairt ar an dréacht-téacs de ghníomh tarmligthe ar feadh tréimhse ceithre seachtaine. Rachfar i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún maidir leis an dréacht-téacs, bunaithe ar an taithí atá ag eagraíochtaí neamhrialtasacha, údaráis áitiúla agus údaráis réigiúnacha i dtaca le cur chun feidhme an Chláir.***

Leasú 99

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 6**

6. Tiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun ***Airteagal 14*** i bhfeidhm mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

6. Tiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun ***Airteagal 13 nó Airteagal 14*** i bhfeidhm mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. Tabharfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas aitheantas d'fhoinsé an chistithe ón Aontas agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe (go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á bpoibliú) trí faisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.

Leasú

1. Tabharfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas aitheantas d'fhoinsé an chistiúcháin ón Aontas agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe sin (go háirithe nuair a bheidh na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á bhfógairt), le faisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach **agus i bhfoirm atá inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas** a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal, **agus, i gcás inarb iomchuí, do thairbhíthe na ngníomhaíochtaí a cistíodh ar an mbealach sin agus do rannpháirtithe sa ghníomhaíochtaí, ar an gcaoi sin, breisluach AE a léiriú agus cuidiú le hiarrachtaí bailithe sonraí an Choimisiúin chun trédhearcacht bhuiséadach a fheabhsú.**

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an gClár, agus a bhaineann le gníomhaíochtaí agus torthaí an Chláir. ***Leis na hacmhainní airgeadais arna leithdháileadh ar an gClár, rannchuideofar le cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais freisin, a fhad a bhaineann siad sin leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 2.***

Leasú

2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an gClár, agus a bhaineann le gníomhaíochtaí agus torthaí an Chláir.

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 18 a

Pointí Teagmhála an Chláir

Beidh pointe teagmhála náisiúnta neamhspleách i ngach Ballstát le foireann cháilithe a bhfuil de chúram uirthi, go háirithe, treoir neamhchlaonta, faisnéis phraiticiúil agus cúnamh maidir le gach gné den Chlár, lena n-áirítear maidir leis an nós imeachta iarratais a thabhairt do pháirtithe leasmhara agus do thairbhíthe an Chláir.

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 19

scriosta

Nós imeachta coiste

- 1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.***
- 2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.***
- 3. Féadfaidh an coiste teacht le chéile i gcruinniú agus saghsanna sonracha eagair air, chun déileáil le sraitheanna ar leith den Chlár.***

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn -I (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Iarscríbhinn -I

***Is mar seo a leanas a leithdháilfear cistí
an Chláir atá ar fáil dá dtagraítear in
Airteagal 6(1):***

***(a) Laistigh den mhéid dá dtagraítear i
bpointe (a) d'Airteagal 6(2):***

***- ar a laghad 15% ar na gníomhaíochtaí
lena gcuirtear an cuspóir sonrach faoi
phointe (aa) d'Airteagal 3 chun feidhme;***

***- ar a laghad 40% ar na gníomhaíochtaí
lena gcuirtear an cuspóirí sonracha faoi
phointe (-a) d'Airteagal 5 chun feidhme;
agus***

***- ar a laghad 45% ar na gníomhaíochtaí
lena gcuirtear na cuspóirí sonracha faoi
phointe (a) agus pointe (b) d'Airteagal 3
agus pointe (a) agus pointe (b)
d'Airteagal 5 chun feidhme;***

***(b) Laistigh den mhéid dá dtagraítear i
bpointe (b) d'Airteagal 6(2):***

***- 15% ar na gníomhaíochtaí
cuimhneacháin;***

- 65% ar rannpháirtíocht dhaonlathach;

***- 10% ar na gníomhaíochtaí cur chun
cinn; agus***

- 10% ar an riarachán.

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I**

Iarscríbhinn I

scriosta

Gníomhaíochtaí an Chláir

Saothrófar cuspóirí sonracha an Chláir dá dtagraítear in Airteagal 2(2) go háirithe trí thacaíocht do na gníomhaíochtaí a leanas:

(a) múscailt feasachta, faisnéis a scaipeadh chun eolas a fheabhsú ar bheartais agus ar na cearta sna réimsí atá clúdaithe faoin gClár;

(b) foghlaim fhrithpháirteach trí dheachleachtais a mhalartú i measc páirtithe leasmhara chun eolas agus tuiscint fhrithpháirteach agus rannpháirtíocht shibhialta agus dhaonlathach a fheabhsú;

(c) gníomhaíochtaí anailiseacha agus faireacháin¹ chun tuiscint ar chúrsaí sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais a fheabhsú i dtaobh na réimsí atá clúdaithe faoin gClár agus chun cur chun feidhme dhlí agus bheartais an Aontais a fheabhsú ;

(d) oiliúint a chur ar na páirtithe leasmhara ábhartha chun feabhas ar chur ar a n-eolas ar na beartais agus na cearta sna réimsí atá cumhdaithe;

(e) forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar uirlisí Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC);

(f) feasacht saoránach faoi chultúr, stair agus cuimhneachán na hEorpa chomh maith le treisiú leis an muintearas a bhraitheann siad i leith an Aontais;

(g) saoránaigh Eorpacha de náisiúntachtaí éagsúla a thabhairt le chéile trí dheis a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí nasctha bailte;

(h) rannpháirtíocht ghníomhach in Aontas níos daonlathaí chomh maith le feasacht maidir le cearta agus luachanna a spreagadh agus a éascú trí thacú le

heagraíochtaí na sochaí sibhialta

(i) *maoiniú don tacaíocht theicniúil agus eagrúcháin chun Rialachán [(AE) Uimh. 211/2011] a chur chun feidhme, ionas go gcuirtear bonn faoi fheidhmiú a gceart ag saoránaigh chun tionscnaimh Eorpacha ó shaoránaigh a sheoladh agus tacú leo;*

(j) *cumas líonraí Eorpacha a fhorbairt chun dlí, spriocanna beartais agus straitéisí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorbairt a thuilleadh agus tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach sna réimsí a thagann faoi scáth an Chláir.*

(k) *cur leis an eolas ar an gclár agus le scaipeadh agus le hin-aistritheacht thorthaí an chláir agus forchaidreamh leis an saoránach a chothú, lena n-áirítear deasca cláir/líonra teagmhála náisiúnta a chur ar bun agus tacú leo.*

¹ *Áirítear, mar shampla, leis na gníomhaíochtaí sin bailiú sonraí agus staitisticí; modheolaíochtaí comhchoiteanna agus, de réir mar is cuí, táscairí nó tagarmharcanna a fhorbairt; staidéir, taighde, anailísí agus suirbhéanna; meastóireachtaí; measúnú tionchair; ullmhú agus foilsíú treoirleabhar, tuarascúlacha agus ábhair oideachais.*

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn II – pointe 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Déanfar faireachán ar an gClár ar bhonn tacar táscairí atá ceaptha chun tomhas a dhéanamh ar a mhéid agus a baineadh amach cuspóirí ginearálta agus sonracha an Chláir, agus d'fhonn an t-ualach agus na costais riaracháin a íoslaghdú. Chuige sin,

Leasú

Déanfar faireachán ar an gClár ar bhonn tacar táscairí **toraidh** atá ceaptha chun tomhas a dhéanamh ar a mhéid agus a baineadh amach cuspóirí ginearálta agus sonracha an Chláir, agus d'fhonn an t-ualach agus na costais riaracháin a

baileofar na sonraí i gcomhréir leis an tacar príomhtháscairí a leanas:

íoslaghódú. *I gcás inar féidir, tá na táscairí le miondealú de réir aoise, inscne agus de réir aon sonraí inbhailithe eile, amhail eitneacht, míchumas agus féiniúlacht inscne.* Chuige sin, baileofar na sonraí i gcomhréir leis an tacar príomhtháscairí a leanas:

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin Iarscríbhinn II – mír 1 – tábla

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Líon na ndaoine ar a ndearnadh tionchar trí:

- (i) gníomhaíochtaí oiliúna;
- (ii) (ii) gníomhaíochtaí foghlama frithpháirtí agus malartaithe dea-chleachtas;
- (iii) gníomhaíochtaí maidir le hardú feasachta, le faisnéis agus le scaipeadh na faisnéise.

Leasú

Líon na ndaoine, *imdhealaithe de réir inscne agus aoise*, a thairbhigh de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- (i) gníomhaíochtaí oiliúna;
- (ii) (ii) gníomhaíochtaí foghlama frithpháirtí agus malartaithe dea-chleachtas;
- (iii) gníomhaíochtaí maidir le hardú feasachta, le faisnéis agus le scaipeadh na faisnéise.

Leasú 108

Togra le haghaidh rialacháin Iarscríbhinn II – mír 1 – ró 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Ina theannta sin, foilseoidh an Coimisiún na táscairí aschuir seo a leanas gach bliain:

Leasú 109

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – mír 1 – ró 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

***Líon na n-iarratas agus líon na
ngníomhaíochtaí arna gcistiú in aghaidh
an liosta in Airteagal 9(1) agus in
aghaidh na sraithe***

Leasú 110

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – mír 1 – ró 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

***Leibhéal cistiúcháin arna iarraidh ag
iarratasóirí agus arna dheonú in aghaidh
an liosta in Airteagal 9(1) agus in
aghaidh na sraithe***

Leasú 111

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – tábla – ró 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Líon na líonraí agus na dtionscnamh
trasnáisiúnta ina ndírítear ar ***chuimhne***
agus ar oidhreacht Eorpach mar thoradh ar

Líon na líonraí agus na dtionscnamh
trasnáisiúnta ina ndírítear ar
chuimhneachán, ar oidhreacht ***agus ar***

idirghabháil an chláir

idirphlé sibhialta na hEorpa mar thoradh
ar idirghabháil an chláir

Leasú 112

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – tábla – ró 6 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Dáileadh geografach na dtionscadal